



Tuarascáil Bhliantúil 2024

EOLAS FAOIN ESRI

Déanann an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (an ESRI) ceapadh beartais fianaisebhunaithe a thacaíonn le hinbhuanaitheacht eacnamaíoch agus le dul chun cinn sóisialta in Éirinn a thabhairt chun cinn. Cuireann taighdeoirí an ESRI na caighdeáin is airde de shármhaitheas acadúil i bhfeidhm maidir leis na dúshláin atá roimh an lucht déanta beartas, ag díriú ar dheich limistéar a bhfuil ríthábhacht leo d'Éirinn san 21ú hAois.

Bhunaigh grúpa státseirbhíseach sinsearach an Institiúid in 1960 faoi stiúir an Dr T.K. Whitaker, a d'aithin an gá atá le hanailís neamhspleách agus dhomhain taighde. Ó shin i leith, tá an Institiúid tiomanta do thaighde neamhspleách agus ní léirítear aon idé-eolaíocht ná seasamh polaitiúil ina cuid oibre. Foilsíonn an Institiúid an taighde go léir a bhaineann an caighdeán acadúil cuí amach, beag beann ar thorthaí an taighde ná ar cé a mhaoiníonn é.

Is cuideachta faoi theorainn ráthaíochta é an ESRI, atá freagrach dá chomhaltaí agus atá faoi rialú Comhairle, ina bhfuil a mhéid le 14 ionadaí as measc chomhaltaí an ESRI ón saol acadúil, ó sheirbhísí sibhialta, ó ghníomhaireachtaí stáit, ó ghnólachtaí agus ón tsochaí shibhialta. Cuirtear maoiniú ar fáil don ESRI ó chlár taighde a fhaigheann tacaíocht ó ranna agus gníomhaireachtaí rialtais, comhlachtaí poiblí, clár taighde iomaíochas, táillí ballraíochta, agus deontas i gcabhair bliantúil ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe.

Tá eolas breise ar fáil ag www.esri.ie.

Tá ról agus freagrachtaí na Comhairle leagtha amach in Airteagail Chomhlachais an ESRI. Ní dhéanann ach an Chomhairle cinneadh faoi na príomhábhair seo a leanas: formheas chuspóirí fadtéarmacha agus straitéis oibríochtúil na heagraíochta; formheas fálacha agus infheistíochtaí suntasacha; formheas conarthaí móra; formheas buiséid bhliantúla oibriúcháin agus chaiteachais caipitil; formheas na Tuarascála Bliantúla agus na ráiteas airgeadais; ceapadh agus luach saothair an Stiúrthóra. Tagann an Chomhairle le chéile gach ráithe agus faigheann sí tacaíocht ó thrí fhochoiste: Iniúchóireacht agus Riosca, Gnó agus Oibríochtaí, agus Rialachas agus Ainmniúcháin. Tá beathaisnéis ghearr ar Chomhaltaí na Comhairle i gCuid 6.

An Chomhairle

COMHALTAÍ AMHAIL AN 31 NOLLAIG 2024



***An tUasal S. O'Driscoll,
Uachtarán agus Cathaoirleach***



***An tOllamh A. Barrett,
Stiúrthóir***

AN tUASAL SEÁN O'DRISCOLL, Uachtarán agus Cathaoirleach

AN tOLLAMH ALAN BARRETT, Stiúrthóir, an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta

AN tUASAL SHAY CODY, Iar-Ard-Rúnaí, Fórsa

AN tOLLAMH KATY HAYWARD, Ollscoil na Banríona, Béal Feirste

AN tOLLAMH THIA HENNESSY, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh

AN tOLLAMH BRIGID LAFFAN, Ollamh Emeritus, an Institiúid Ollscoile Eorpach

AN tUASAL GABRIEL MAKHLOUF, Gobharnóir, Banc Ceannais na hÉireann

AN tOLLAMH SANDRA McNALLY, Ollscoil Surrey, an Ríocht Aontaithe

AN tUASAL DAVID MOLONEY, Ard-Rúnaí, an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe

AN tOLLAMH CIARÁN Ó hÓGARTAIGH, Uachtarán, Ollscoil na Gaillimhe

AN tUASAL ANNE O'LEARY, Ceannasaí Meta Ireland agus Leas-Uachtarán, Global Business Group, EMEA

AN tUASAL ANNE VAUGHAN, iar-Leas-Ard-Rúnaí na Roinne Coimirce Sóisialaí agus Cathaoirleach reatha an Bhoird Náisiúnta Staidrimh

** D'éirigh an DR ORLAIGH QUINN, iar-Ard-Rúnaí na Roinne Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta, as an gComhairle i mí na Bealtaine 2024.*

CLÁR NA nÁBHAR

An Chomhairle	2
CLÁR NA nÁBHAR	1
1. RÉAMHRÁ	2
1.1 Neamhspleáchas agus Maoiniú	2
1.2 Aschuir Taighde in 2024	2
1.3 Rialachas Corparáideach agus Inbhuanaitheacht	4
1.4 Daoine	7
2. ACHOIMRE AR ÉACHTAÍ STRAITÉISEACHA IN 2024	9
2.1 Sármhaitheas Taighde	9
2.2 Clár Oibre Taighde Cuimsitheach	9
2.3 Cumarsáid Éifeachtach	9
2.4 Rannpháirtíocht a Imríonn Tionchar agus atá Eiticiúil	9
2.5 Cuspóirí Eagraíochtúla	10
3. TAIGHDE IN 2024	10
3.1 Eolaíocht Iompraíochta	10
3.2 An Aeráid	11
3.3 Iomaíochas, Trádáil agus Infheistíocht Dhíreach Choigríche (IDC)	12
3.4 Oideachas	13
3.5 Fuinneamh agus an Comhshaol	15
3.6 Sláinte agus Caighdeán na Beatha	16
3.7 Tithíocht	17
3.8 An Margadh Saothair agus Scileanna	19
3.9 Maicreacnamaíocht	20
3.10 Imirce, Lánpháirtíocht agus Déimeagrafaíocht	23
3.11 Ionchuimsiú Sóisialta agus Comhionannas	24
3.12 Cáin, Leas agus Pinsin	26
4. COMHORDAITHEOIRÍ AR RÉIMSÍ TAIGHDE AMHAIL AN 31 NOLLAIG 2024	28
5. BAILL FOIRNE AN 31 NOLLAIG 2024	29
6. COMHAIRLE AN ESRI – EOLAS BEATHAISÍNEACH	31
7. PÁTRÚIN WHITAKER AGUS COMHALTAÍ CORPARÁIDEACHA	34

1. RÉAMHRÁ

Ba í an bhliain 2024 an chéad bhliain inar cuireadh Straitéis nua 2024–2028 na hInstitiúide i bhfeidhm. Tá sé mar aidhm ag an straitéis a chinntiú go mbainfear amach ár misean foriomlán taighde neamhspleách láidir a sholáthar chun eolas a chur ar fáil d'fhorbairt beartais, agus inbhuanaitheacht airgeadais na hInstitiúide á cinntiú ag an am céanna. Tacaíonn Comhairle na hInstitiúide leis an misean seo trí threo straitéiseach na hInstitiúide a leagan síos agus a mhaoirsiú, a chinntíonn leantar leis na caighdeáin is airde a bhaint amach agus go mbíonn an clár bainteach leis na saincheisteanna eacnamaíocha agus sóisialta i gcónaí atá roimh an lucht déanta beartas in Éirinn. Ós rud é go bhfuil neamhspleáchas acadúil iomlán ag an Institiúid, níl smacht ná tionchar ag an gComhairle ar an taighde a fhoilsítear.

Cinntíonn an Institiúid trédhearcacht agus cuntasacht ina socruithe rialachais trí leanúint de bheith ag cloí le ceanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú.

Leagtar amach sna hailt seo a leanas tuairim na Comhairle maidir le héifeachtacht na hInstitiúide agus a misean á baint amach aici chomh maith lena tuairim maidir le socruithe comhshaoil, sóisialta agus rialachais (ESG) na hInstitiúide.

1.1 NEAMHSPLEÁCHAS AGUS MAOINIÚ

Is é beartas na hInstitiúide an taighde go léir a bhaineann an caighdeán acadúil cuí amach a fhoilsiú, beag beann ar thorthaí an taighde ná ar cé a mhaoiníonn é. Cinntítear an neamhspleáchas agus an oibiachtúlacht seo trí bheartais na hInstitiúide a chur i bhfeidhm agus trí shocrú conarthach le maoinitheoirí. Cuirtear próisis láidre athbhreithnithe piaraí i bhfeidhm a chinntíonn go mbaineann an taighde na caighdeáin acadúla is airde amach. Déanann an Chomhairle monatóireacht ar chur i bhfeidhm bheartais agus phróisis na hInstitiúide. Ina theannta sin, tugann an Institiúid faoi phróiseas neamhspleách measúnaithe piaraí gach cúig bliana, chun a chinntiú go gcloítear leis na prionsabail sin. Rinneadh an measúnú piaraí is déanaí in 2022, agus tá an tuarascáil ar fáil ar ár suíomh gréasáin (www.esri.ie).

Tá áthas ar an gComhairle a thabhairt le fios go bhfuil maoiniú na hInstitiúide níos sláine ná mar a bhí sna blianta roimhe seo. Méadaíodh an deontas bliantúil i gcabhair (GIA) ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh NDP agus Athchóirithe (DPENDR) i mBuiséad 2024, agus b'ionann maoiniú GIA agus thart ar 30 faoin gcéad den ioncam iomlán in 2024. Ina theannta sin, leathnaíodh na cláir thaighde ilbhliantúla le ranna rialtais agus gníomhaireachtaí stáit. Aithníonn an Chomhairle an tacaíocht a chuir an DPENDR agus ranna agus gníomhaireachtaí rialtais eile ar fáil agus fáiltíonn sí go mór roimh an tacaíocht sin. I measc na sruthanna maoinithe eile bhí an ceann a chuir Pátrún Whitaker agus Comhaltaí Corparáideacha na hInstitiúide ar fáil. Aithníonn agus admhaíonn an Chomhairle tiomantas na bPátrún agus na gComhaltaí maidir le tacú le taighde neamhspleách agus dírithe ar bheartas na hInstitiúide.

1.2 ASCHUIR TAIGHDE IN 2024

Lean an ESRI in 2024 d'fhianaise a chur le chéile le haghaidh ceapadh beartais ar raon leathan saincheisteanna, foilsíodh 61 alt in irisí piarmheasúnaithe, 44 tuarascáil ar Shraith Thaighde an ESRI,

agus 11 chaibidil leabhair agus tuarascála. Ina theannta sin, d'fhoilsíomar 24 Iris Taighde an ESRI ar théamaí taighde agus ailt irisleabhair, agus d'fhoilsíomar obair atá ar siúl in 27 Páipéar Oibre an ESRI.

Lean an ghéarchéim thithíochta de bheith ina ceist cheannasach, agus an soláthar tithíochta i bhfad faoi bhun na riachtanas measta. I measc na dtéamaí taighde in 2024 bhí tomhas a dhéanamh ar an éileamh struchtúrach ar thithíocht agus anailís a dhéanamh ar líon tí, inbhuanaitheacht phraghsanna tithíochta, feabhas a chur ar mhonatóireacht treochtaí cíosa, agus éifeachtúlacht fuinnimh d'áiteanna cónaithe ar cíos. Rinne taighdeoirí scrúdú freisin ar thionchar na drochthithíochta ar fholláine teaghlaigh.

Rinneadh imscrúdú ar ábhair ar nós bochtaineachta, eisiamh sóisialta agus caighdeán mhaireachtála, comhionannas inscne, agus leitheadúlacht an mhíchumais i dtaighde ar ionchuimsiú sóisialta agus ar chomhionannas. Rinneadh imscrúdú i staidéar amháin ar an gcaoi a bhfuil cineál inscneach an chúraim agus a iarmhairtí maidir le rochtain ar fhostaíocht fós ina ghné choitianta. Deimhníodh i dtaighde ar thionchar an chomhionannais ar an margadh saothair de bharr phaindéim COVID-19 gur lean an patrún éagothroime a bhí i réim roimh an bpaindéim de bheith ann, cé go ndeachaigh fostaíocht i méid i ndiaidh na paindéime i measc na ngrúpaí uile. Deimhníodh i staidéar eile go raibh teaghlaigh aontuismitheora thíos le leochaileacht eacnamaíoch níos mó i gcomparáid le teaghlaigh le beirt tuismitheoirí, agus go raibh breis agus dhá oiread an bhaoil ann nuair a bhogtar ó theaghlach le beirt tuismitheoirí go teaghlach aontuismitheora. I measc na nithe a chuidíonn le tuismitheoirí aonair leochaileacht eacnamaíoch a shárú tá fostaíocht, páirtí a fháil athuair agus ardoideachas.

Bhí an inimirce fós ina ceist mhór díospóireachta in Éirinn. Deimhníodh i dtuarascáil ina ndearnadh imscrúdú ar dhearcthaí i leith inimirce, cé gur tháinig méadú mór ar shuntasacht (nó ar thábhacht) na hinimirce in Éirinn, go raibh tacaíocht an daonra don inimirce agus do dhéanaithe dearfach den chuid is mó, i gcomparáid le tíortha eile an AE agus le blianta roimhe sin in Éirinn araon. Tháinig laghdú áirithe ar an tacaíocht don inimirce i dtreo dheireadh 2023, agus tugadh éagsúlacht faoi deara ó thaobh dearcthaí i leith grúpaí imirceach ar leith. Tugadh le fios i dtaighde eile gurb iad an Lucht Siúil agus na Romaigh is mó a bhíonn thíos leis an gclaontacht i gcomparáid le haon ghrúpa eitneach eile in Éirinn. Léiríodh i staidéar ar rochtain ar thithíocht neamhspleách do thairbhíthe cosanta idirnáisiúnta go raibh ganntanais mhóra i soláthar tithíochta sóisialta agus cíosa, agus easnamh i dtacaíochtaí, i measc na mbacainní a bhí roimh bhogadh amach.

Soláthraítear i dtaighde aeráide na hInstitiúide fianaise ar thionchair mhaicreacnamaíocha agus chomhionannais na mbeartas aeráide. Rinneadh taighde ar thionchair an chánachais carbóin, scéim trádála astaíochtaí an AE (ETS) agus ghéarchéim na hÚcráine ag baint úsáide as samhail Chomhshaol, Fuinneamh agus Geilleagar na hÉireann (I3E) na hInstitiúide. Rinneadh tuilleadh taighde ar an gcaoi a bhféadfaí cánachas aeráide a chomhcheangal le beartais chúitimh eile chun a chinntiú go laghdófaí astaíochtaí agus go méadófaí aschur eacnamaíoch agus cothromas. Léirigh samhaltú eacnamaíoch ar an athrú aeráide go bhféadfadh na tionchair eacnamaíocha atá á n-imirt ag aeráid athraitheach a bheith suntasach d'Éirinn.

Bhí córas cúram sláinte na hÉireann faoi bhrú go fóill, mar is léir ó liostaí feithimh fada le haghaidh gnáthaimh othar cónaitheach agus measúnuithe áirithe, agus ón bplódú i rannóga timpistí agus éigeandála freisin. Díríodh i dtaighde ar athchóiriú na seirbhíse sláinte ar riachtanais acmhainne sa

chóras cúraim sláinte agus ar leithdháileadh acmhainní bunaithe ar an daonra. Rinneadh scrúdú i dtaighde ar an tsláinte phoiblí ar thionchar dálaí comhshaoil ar shláinte agus folláine, ar úsáid pornagrafaíochta i measc daoine óga fásta, agus ar fhoréigean gnéasach.

Tá achoimrí ar aschuir an taighde in 2024 ar fáil i mír 3 den doiciméad seo, ar ár suíomh gréasáin (www.esri.ie) agus inár *nAthbhreithniú bliantúil ar Thaighde*, a fhoilseofar i R2 2025.

1.3 RIALACHAS CORPARÁIDEACH AGUS INBHUANAITHEACTH

Comhtháthaíonn an Institiúid prionsabail chomhshaoil, shóisialta agus rialachais (ESG) ina cleachtais ghnó agus é mar aidhm a tionchar comhshaoil a fheabhsú, cinnteoireacht eiticiúil a chinntiú, a cáil i measc páirtithe leasmhara agus an phobail i gcoitinne a fheabhsú, agus éifeachtúlachtaí oibríochtúla a mhéadú.

Comhaltacht na Comhairle

Is í Comhairle an ESRI comhlacht rialaithe reachtúil na hInstitiúide, ina bhfuil a mhéid le 14 chomhalta, an Stiúrthóir (Alan Barrett) agus an Cathaoirleach (Sean O'Driscoll). Toghtar comhaltaí Chomhairle an ESRI ag Cruinniú Cinn Bliana na hInstitiúide ar feadh téarma trí bliana, agus is féidir síneadh trí bliana eile a chur leis. Tá trasghearradh de chomhaltaí an ESRI ar Chomhairle an ESRI: an lucht léinn, na státseirbhísí, gníomhaireachtaí stáit, an lucht gnó agus an tsochaí shibhialta.

Ba mhór an pléisiúr dom fáilte a chur roimh chomhalta nua na Comhairle, an tUasal Anne Vaughan, iar-Leas-Ard-Rúnaí na Roinne Coimirce Sóisialaí agus Cathaoirleach an Bhoird Náisiúnta Staidrimh. D'éirigh an Dr Orlaigh Quinn, iar-Ard-Rúnaí na Roinne Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta, as an gComhairle i rith na bliana. Gabhaimid buíochas léi as a cuid oibre don Chomhairle.

D'fhóin Thia Hennessy, Brigid Laffan, Sandra McNally agus Ciarán Ó hÓgartaigh i rith 2024 ar an gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca (fochoiste den Chomhairle). Bhí Anne O'Leary, Katy Hayward, David Moloney, Shay Cody agus Alan Barrett ina gcomhaltaí den Choiste Gnó agus Oibríochtaí (fochoiste den Chomhairle).

Beidh Alan Barrett ag éirí as a phost mar Stiúrthóir an ESRI an 31 Bealtaine 2025 nuair a thiocfaidh deireadh lena théarma mar Stiúrthóir. Ceapadh Martina Lawless ina Stiúrthóir ar an ESRI i mí Aibreáin 2025. Rinneadh an ceapachán seo tar éis cuardach fairsing agus próiseas roghnúcháin dian, le tacaíocht ó PwC Executive Search. Tosóidh an tOllamh Lawless go foirmiúil leis an bpost an 1 Meitheamh 2025. Rinne an Coiste Rialachais agus Ainmniúchán, ar a raibh Sean O'Driscoll (Cathaoirleach), Ciarán Ó hÓgartaigh, David Moloney, Thia Hennessy agus Brigid Laffan, maoirseacht ar an bpróiseas earcaíochta.

An bhearna phá idir na hinscní

Ceanglaítear ar eagraíochtaí faoin Acht um Fhaisnéis faoin mBearna Phá idir na hInscní, 2021 Tuarascáil ar Phá Inscne a fhoilsiú. Cé nach mbeidh an ceanglas tuairiscithe i bhfeidhm maidir le heagraíochtaí ar mhéid na heagraíochta sin againne go dtí 2025, tá ár dtorthaí foilsithe againn ar ár suíomh gréasáin [<https://www.esri.ie/publications/esri-gender-pay-gap-report-2024>] chun ár dtiomantas don chomhionannas inscne a léiriú. Léirítear sna torthaí go bhfuil an mheánbhearna phá 1.4% i bhfabhar na bhfear. Mura gcuirtear ráta uair an chloig an Stiúrthóra san áireamh, bíonn an

bhearna 3.3% i bhfabhar na mban. Tá an t-airmheán 22.9%, nach bhfuil an tionchar céanna ag rátaí foircneacha air, i bhfad níos mó i bhfabhar na mban. Léirítear leis sin ní hamháin an cion níos airde ban i ról shinsearacha ach an chaoi go bhfuil na scálaí pá níos leithne ar leibhéil shinsearacha freisin.

An tAcht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014

Tá an Institiúid tiomanta i dtaobh beartais agus gníomhartha a chur chun feidhme atá ag teacht leis na dualgais atá á leagan ar chomhlachtaí poiblí faoin Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014. Tugadh aitheantas d'obair na hInstitiúide sa réimse seo, mar atá leagtha amach sa Phlean Gníomhaíochta um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú (EDI): 2023-2027 [<https://www.esri.ie/publications/esri-diversity-and-inclusion-action-plan-2023-2027>], nuair a bronnadh gradam Cré-umha Athena Swan uirthi i mí na Samhna 2023. Tá creat mar bhonn agus mar thaca ag an scéim creidiúnaithe um chairt cháilíochta seo d'institiúidí ardoideachais agus taighde chun obair inbhuanaithe ag a bhfuil tionchar maidir le comhionannas inscne a chur i bhfeidhm agus chun cur leis an gcumas d'obair fhianaisebhunaithe maidir le hinscne i measc na bhforas comhionannais atá cumhdaithe i reachtaíocht na hÉireann.

Déanann an Coiste EDI maoirseacht ar chur i bhfeidhm an phlean gníomhaíochta. Cuirtear tuarascáil bhliantúil ar dhul chun cinn ar fáil do Chomhairle an ESRI. Go dtí seo, tá aghaidh tugtha ar chúig cinn de na seacht gceist tosaíochta a sainaithníodh. Leathnófar sainchúram an Choiste EDI sa bhliain 2025 chun measúnú breise a dhéanamh ar an dualgas i ndáil le húsáideoirí seirbhíse an ESRI.

Inbhuanaitheacht comhshaoil

Aithníonn an ESRI a hoibleagáidí cur le spriocanna aeráide na hÉireann faoin Acht um Ghníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Ísealcharbóin (Leasú), 2021 agus tá sí tiomanta do ghníomhú chun ár dtionchar ar an gcomhshaoil a laghdú. Cuireann taighde an ESRI ar shaincheisteanna amhail an aeráid agus fuinneamh go mór leis na réimsí seo.

De réir riachtanais na hearnála poiblí, oibríonn an ESRI i dtreo na spriocanna seo a leanas a bhaint amach: astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú 51% faoi 2030; éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú aníos ó sprioc 33% do 2020 go 50% faoi 2030; ár dTreochlár don Ghníomhú ar son na hAeráide a nuashonrú go bliantúil, laistigh de shé mhí tar éis gur foilsíodh an Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide.

Comhlíonann an ESRI ceanglais na gcomhlachtaí san earnáil phoiblí trí shonraí feidhmíochta maidir lena éifeachtúlacht fuinnimh agus astaíochtaí gás ceaptha teasa (GHG) a thuairisciú d'Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (an SEAI) gach bliain. Seo a leanas feidhmíocht an ESRI in 2024:

- Astaíochtaí gás ceaptha teasa: bhí CO₂ iontaise 50.3% faoi bhun na bunlíne. Chun an sprioc a bhaint amach, ní mór don ESRI CO₂ iontaise a laghdú 1.5% níos mó ó leibhéal 2024 laistigh de 6 bliana. Bhí an CO₂ iomlán 60% faoi bhun na bunlíne. Chun an sprioc seo a bhaint amach, ní mór laghdú 25% eile a dhéanamh ar CO₂ iomlán laistigh de 6 bliana.
- Dul chun cinn i dtreo sprioc éifeachtúlachta fuinnimh 2030: Tá feabhas 40.7% tagtha ar fheidhmíocht fuinnimh ó bhí an bhunlíne ann. Chun an sprioc éifeachtúlachta a bhaint amach, ní mór don ESRI a fheidhmíocht fuinnimh a fheabhsú 9.3 pointe céatadáin eile laistigh de 6 bliana.

D'fhoilsigh an ESRI a Threochlár treochlár don Ghníomhú ar son na hAeráide 2025 i mí na Bealtaine 2025, ina leagtar amach ár bpleananna chun ár spriocanna dícharbónaithe agus éifeachtúlachta fuinnimh a bhaint amach, de réir an Phlean Náisiúnta Gníomhaithe ar son na hAeráide. Anuas air sin, thuairiscigh an ESRI ar an Sainordú um Ghníomhú ar son na hAeráide agus úsáid á baint as córas 'comhlíon agus mínigh' don Earnáil Phoiblí de chuid an SEAI. Leanfaidh an ESRI de thuairisciú a dhéanamh trí chóras an SEAI gach bliain.

Leanann an ESRI de thionscadail áitiúla a chur i bhfeidhm a chuireann gníomhartha coigilte fuinnimh chun cinn. Mar sin féin, tá an ESRI ar an eolas faoi na dúshláin a bhaineann le spriocanna na hearnála poiblí a bhaint amach mar gheall ar a fhoirgneamh agus a ghléasra atá ag dul in aois agus atá ag druidim le deireadh a saolré agus timpeallacht oibre hibrídeach an ESRI agus an laghdú gaolmhar ar áitiú oifige á gcur san áireamh. Chuir Comhairle agus Coiste Bainistíochta an ESRI dhá thionscadal thábhachtacha a bhain leis na hábhair imní seo chun cinn in 2024. Cuireadh tús le próiseas soláthair seirbhísí maoine, ina ndearnadh suirbhé teicniúil mionsonraithe ar an bhfoirgneamh agus inar cuireadh comhairle maidir le roghanna ar fáil, agus cuireadh tús le próiseas soláthair do sheirbhísí comhtháite bainistíochta maoine, critéir inbhuanaitheachta san áireamh. Táthar ag súil le torthaí an dá thionscadal i ráithe 2 2025.

Gníomhaíochtaí inbhuanaitheachta eile

Soláthar: Is é beartas an ESRI Soláthar Poiblí Glas (GPP) a chur i bhfeidhm ag baint úsáide as Treoir agus critéir Soláthair Phoiblí Ghlais an EPA, agus as uirlis Critéir Soláthair Phoiblí Ghlais ar líne na hOifige um Sholáthar Rialtais (OGP) mar acmhainní. Cuireadh critéir inbhuanaithe agus neamhdhíobhálacha don chomhshaol san áireamh i bpróisis soláthair in 2024, i gcás inarbh ábhartha; athdhréachtaíodh beartas soláthair na hInstitiúide chun critéir ghlasa a áireamh i soláthar agus foilseofar é in 2025; bhain an ESRI leas as creataí na hOifige um Sholáthar Rialtais (OGP) agus HEAnet i gcás inarbh ábhartha. Ceannaíodh crua-earraí TFC trí úsáid a bhaint as creataí HEAnet lenar áiríodh critéir dámhachtana um shaintréithe comhshaoil agus fuinnimh. Leantar le fónais foirgnimh an ESRI a fháil trí Chreat-chomhaontuithe Fuinnimh an OGP. Cuireadh tús le soláthar seirbhísí comhtháite bainistíochta áiseanna in 2024, ag baint úsáide as Creat an OGP agus áiríodh critéir ghlasa ann.

Dramhaíl: Déanann an ESRI iarracht a thionchar ar an gcomhshaol a laghdú trí thionscadail laghdaithe dramhaíola, deighilt agus athchúrsáil. Leanadh le seirbhísí bailithe dramhaíola in 2024 a dheighilt ina ndramhaíl ghinearálta, dramhaíl athchúrsála agus dramhaíl orgánach/bithdhramhaíl. Ina theannta sin, rinneadh diúscairt fhreagrach ar dhramhaíl trealaimh leictrigh agus leictreonaigh (WEEE); athchúrsáladh 135 kg de threalamh TF agus de WEEE in 2024 i gcomparáid le 544 kg in 2023 (i gcomhréir le Treoir 2002/96/CE ó Pharlaimint na hEorpa); táirgeadh 0.28m3 de dhramhaíl bia (múirín) in 2024. Rinneadh dramhaíl rúnda a stialladh, a dheimhniú agus a sheoladh le haghaidh athchúrsála; stialladh 1062 kg de dhramhaíl pháipéir rúnda in 2024, i gcomparáid le 1,051 kg in 2023, de réir thionscadal leanúnach na hInstitiúide chun comhaid pháipéir a dhiúscairt nuair is féidir.

Úsáid páipéir: Scaiptear tuarascálacha taighde an ESRI go digiteach ar dtús; is beag tuarascáil a chuirtear i gcló. Úsáideann an ESRI páipéar athchúrsáilte i bprintéirí. Moltar do bhaill foirne an

ESRI priontáil a laghdú; ní dhéantar printéirí pearsanta a athsholáthar agus cabhróidh printéirí ilfheidhmeacha ar a ndéantar bainistíocht priontála le dramhaíl a laghdú in 2025.

Taisteal / taisteal gnó inbhuanaithe: Cuireann an ESRI beartais i bhfeidhm a thacaíonn le taisteal inbhuanaithe. Faoi Bheartas Taistil an ESRI, ceanglaítear ar bhaill foirne iompar poiblí a úsáid nuair is féidir le haghaidh taisteal gnó; cuireann an ESRI an Scéim um Rothaíocht chun na hOibre agus an Scéim Coigilteora Cánach (TaxSaver) ar fáil agus soláthraíonn sé páirceáil shlán do rothair. Chuir an ESRI tús sa bhliain 2024 lena iarratas ar an gComhartha don Taisteal Níos Cliste agus chuaigh ghlac sé páirt sa Chlár don Taisteal Níos Cliste go luath i Ráithe 1 2025. Mar Chomhpháirtí Taistil Níos Cliste, tá an ESRI tiomanta do ghníomhartha a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm a chuireann tionscnaimh taistil inbhuanaithe agus gníomhaigh chun cinn agus oibreoidh sé i dtreo deimhniúchán an Chomhartha don Taisteal Níos Cliste a bhaint amach.

An todhchaí: Ag féachaint chun cinn, geallann an ESRI cloí le ceanglais an tSainordaithe um Ghníomhú ar son na hAeráide trí leanúint de dhíriú ar ár gclár oibre comhshaoil, sóisialta agus rialachais sna blianta amach romhainn, trí dhianiarraacht a dhéanamh ár spriocanna a bhaint amach i dtaobh fuinnimh, dramhaíola agus foinsí eile de thionchar comhshaoil agus trína chinntiú go mbaintear amach na leibhéil is airde de rialachas eiticiúil agus éifeachtach.

An tAcht um Nochtadh Cosanta

Ní dhearnadh aon nochtuithe cosanta don ESRI, ná do chomhlachtaí ábhartha eile i ndáil leis an ESRI, in 2024. Tá an ESRI tiomanta do na caighdeáin is airde trédhearcachta, ionracais agus chuntasachta a bhaint amach. Tacaímid le forálacha an Achta um Nochtadh Cosanta agus comhlíonaimid iad. Chun comhlíonadh an Achta a chinntiú, tá beartas agus nósanna imeachta curtha i bhfeidhm againn a leagann amach an próiseas chun nochtuithe cosanta a dhéanamh, trí bhealaí inmheánacha nó trí bhealaí seachtracha ainmnithe, mar atá forordaithe sa reachtaíocht. Tá cóip de Thuarascáil Bhliantúil ar Nochtuithe Cosanta an ESRI ar fáil anseo [<https://www.esri.ie/publications/protected-disclosure-annual-report-2024>].

Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003

Comhlíonann an Institiúid Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 nuair is féidir. Áirítear leis an gcomhlíonadh sin 5% den chaiteachas fógraíochta a leithdháileadh ar na meáin chumarsáide Gaeilge, 20% d'ábhar fógraíochta i nGaeilge agus tuarascálacha corparáideacha tábhachtacha a bheith ar fáil i mBéarla agus i nGaeilge araon. Is é Ceann Rialachais agus Acmhainní Corparáideacha na hInstitiúide an tOifigeach Gaeilge.

1.4 DAOINE

Aithníonn an Chomhairle saineolas agus tiomantas fhoireann an ESRI, atá ard-oilte, gairmiúil agus díograiseach. Aithnítear go leor taighdeoirí go hidirnáisiúnta as a gcuid saineolais agus sármhaitheasa. Tacaíonn foireann atá chomh tiomanta céanna, in Acmhainní Corparáideacha, leis na taighdeoirí.

Chomh maith leis sin, ba mhaith leis an gComhairle buíochas a ghabháil leis na ranna rialtais agus na gníomhaireachtaí stáit, Pátrúin Whitaker agus comhaltaí corparáideacha agus aonair a thugann

tacaíocht do chláir ríthábhachtacha thaighde agus leis na páirtithe leasmhara go léir a bhíonn ag plé le hobair na hinstitiúide. Cuireann an tacaíocht sin ar a cumas don Institiúid oibriú i dtreo a fíis a bhaint amach, is é sin a bheith ina hinstitiúid taighde ar chaighdeán domhanda a thacaíonn le hÉirinn níos cuimsithí, níos rathúla, níos inbhuanaithe agus níos dícharbónaithe a bhaint amach.



Seán Ó Drisceoil
Uachtarán agus Cathaoirleach



Alan Barrett
Stiúrthóir

2. ACHOIMRE AR ÉACHTAÍ STRAITÉISEACHA IN 2024

Ba í an bhliain 2024 an chéad bhliain inar cuireadh i bhfeidhm na gníomhartha straitéiseacha mar atá leagtha amach i Straitéis Taighde nua na hInstitiúide 2024-2028. I rith na bliana, rinne an Chomhairle maoirseacht ar dhul chun cinn maidir le spriocanna straitéiseacha foriomlána na nithe seo a leanas a bhaint amach: Sármhaitheas Taighde, Clár Oibre Cuimsitheach Taighde, Cumarsáid Éifeachtach, agus Rannpháirtíocht a imríonn Tionchar agus atá Eiticiúil, agus gníomhartha faoi Chuspóirí Eagraíochtúla, trí thuairiscí ráithiúla, sé mhí agus bliantúla a chur faoi bhráid a fochoistí.

Tuairiscimid thíos ar chuid de na réimsí dul chun cinn sa chéad bhliain den straitéis, faoi na spriocanna uileghabhálacha.

2.1 SÁRMHAITHEAS TAIGHDE

Ceann de na príomhtháscairí ar shármhaitheas taighde is ea an cumas páipéir a fhoilsiú in irisí piarmheasúnaithe i gcás ina bhfuil an próiseas athbhreithnithe go hiomlán lasmuigh den Institiúid agus dall (dall dúbailte go minic). Sa bhliain 2024, d'fhoilsigh taighdeoirí an ESRI 61 páipéar in irisí piarmheasúnaithe – méadú suntasach ar na 46 páipéar a foilsíodh in 2023.

2.2 CLÁR OIBRE TAIGHDE CUIMSITHEACH

Tháinig fairsingiú ar dhá bhealach in 2024 ar ár gclár taighde. Ar dtús, chuireamar réimse taighde nua leis: foréigean baile agus foréigean inscne. Aontaíodh clár taighde leis an ngníomhaireacht nuabhunaithe, Cuan, agus ba cheart go mbeadh na chéad tuarascálacha ar fáil in 2025. Ar an dara dul síos, leathnaíomar roinnt réimsí taighde chun sraith níos leithne maoinitheoirí agus grúpaí níos leithne taighdeoirí ESRI a mhealladh. Sampla amháin is ea obair ar inimirce inar aontaigh an Roinn Dlí agus Cirt dul i gcomhpháirt leis an Roinn Lánpháirtíochta chun an clár taighde atá ag an Roinn Lánpháirtíochta cheana féin a leathnú leis an ESRI.

2.3 CUMARSÁID ÉIFEACHTACH

Agus an claonadh á aithint againn atá ag méadú i gcónaí i measc daoine faisnéis a úsáid trí na meáin shóisialta, rinne ár bhfoireann Cumarsáide agus Scaipthe ár straitéis chumarsáide a nuashonrú chun tús áite a thabhairt do tháirgeadh ilmheán intí, rud a chuireann taighdeoirí ESRI i gcroílár na dteachtaireachtaí a sheolaimid. Cuirimid gearrthóga ó chlúdach nuachta agus agallaimh raidió in airde go díreach ar na meáin shóisialta anois. Táimid físeáin ghearra intí á dtáirgeadh againn freisin ina dtugann taighdeoirí an ESRI léargas gearr ar thaighde a foilsíodh le déanaí.

2.4 RANNPHÁIRTÍOCHT A IMRÍONN TIONCHAR AGUS ATÁ EITICIÚIL

Bíonn taighdeoirí an ESRI ag plé le páirtithe leasmhara ar go leor bealaí. Tá teacht i láthair os comhair choistí an Oireachtais ar cheann de na bealaí siúd le blianta beaga anuas. Thángamar i láthair ocht n-uaire in 2024 inar tugadh deis dúinn ár dtorthaí, agus impleachtaí na dtorthaí sin, a chur in iúl do bhaill an Oireachtais. Chomh maith leis sin, reáchtáladar 32 comhdháil, seimineár gréasáin agus ceardlann inar cuireadh taighde i láthair agus inar pléadh é.

2.5 CUSPÓIRÍ EAGRAÍOCHTÚLA

Cloíonn an Institiúid leis na caighdeáin a cheanglaítear ar eagraíochtaí san earnáil phoiblí maidir le rialachas agus comhlíonadh. Cinntíonn an Institiúid oibríochtaí éifeachtacha, éifeachtúla agus eiticiúla, agus go gcomhlíontar ceanglais dhlíthiúla agus rialála trí bheartais, nósanna imeachta agus róil agus freagrachtaí soiléire.

3. TAIGHDE IN 2024

Tugtar sa mhír seo léargas ginearálta ar ár ngníomhaíochtaí agus ár n-aschur taighde in 2024, mar aon le hachóimrí gearra ar thaighde i measc na 12 réimse taighde. Tá tuilleadh sonraí ar an taighde agus ar na taighdeoirí atá páirteach ann ar shuíomh gréasáin an ESRI (www.esri.ie).

3.1 EOLAÍOCHT IOMPRAÍOCHTA

Úsáidtear trialacha rialaithe saotharlainne, ar líne agus allamuigh san **Aonad um Thaighde Iompraíochta (BRU)** chun cinntí agus cineálacha iompraíochta a iniúchadh i réimsí éagsúla beartais. Tá an chuid is mó den obair a dhéanann an tAonad dírithe ar thorthaí comhshaoil, sláinte agus airgeadais.

Buaicphointí agus torthaí taighde

D'úsáid an BRU modh athchruthaithe lae in obair a choimisiúnaigh **an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA)** a foilsíodh i mBealtaine chun an tuiscint a thomhas atá ag daoine ar conas a chruthaíonn a n-iompraíocht laethúil astaíochtaí gás ceaptha teasa is cúis le hathrú aeráide. Níor aithin duine as gach cúigear a thaistil i gcarr an tiomáint mar fhoinsé astaíochtaí carbóin. Níor liostaigh beagnach leath acu an méid fuinnimh a úsáideadh sa bhaile. Níor luaigh ach duine as gach fiche a cúig a gcothú mar rud a chuireann lena lorg carbóin.

Chomh maith leis sin, d'fhoilsigh an BRU páipéar i mí na Bealtaine ina ndearnadh cur síos ar thástáil thurgnamhach ar ábhair scagthástála ceirbheacs, i dtaighde a mhaoinigh **an tSeirbhís Náisiúnta Scagthástála**. Rinne ábhair faisnéise muinín a mhéadú agus laghdaigh siad an milleán sa tseirbhís. Rinneadh tástáil i dturgnaimh ina dhiaidh sin ar athruithe ar na hábhair atá bunaithe ar iompraíocht.

D'fhoilsigh an BRU páipéar i mí an Mheithimh ina ndearnadh cur síos ar na torthaí ar thriail rialaithe randamaithe ar aip atá bunaithe ar iompraíocht agus a dearadh chun cabhrú le daoine aistriú chuig morgáistí, iasachtaí, cártaí creidmheasa agus cuntais bhainc ar luach níos fearr. Deimhníodh sa taighde seo, arna mhaoiniú ag an Roinn Airgeadais, gur mhéadaigh an aip an dóchúlacht go n-athródh úsáideoirí táirgí airgeadais.

Chomh maith leis sin, d'fhoilsigh an BRU roinnt staidéar eile le linn 2024 arna gcoimisiúnú ag **an EPA**, lena n-áirítear tomhas ar thuairimí an phobail maidir le riosca ó réimsí leictreamaighnéadacha, athbhreithniú ar conas gníomhú comhchoiteann ar son na haeráide a chur chun cinn, agus staidéar ina léirítear conas is féidir le hathrú aeráide a chur in iúl mar shaincheist ghlúine bac a chur ar ghníomhú ar son na haeráide.

Deimhníodh in anailís ar shonraí suirbhé d'**Údarás Rialála Cearrbhachais na hÉireann** nua gur mó seans go ndéanfaidh an cearrbhachas dochar do dhaoine fásta má nochtadh iad don chearrbhachas

agus iad ina leanaí. Tástáladh i staidéar don **Roinn Sláinte** ról na cothroime agus na héifeachtachta sa tacaíocht a thugann an pobal do bheartais atá in ainm is murtall a laghdú. Lean an BRU sa bhliain 2024 le clár taighde leis an **Údarás Náisiúnta Iompair** maidir le taisteal gníomhach a chur chun cinn agus chuir siad tús le cláir thaighde nua i gcomhar leis **an Oifig Náisiúnta Imdhíonta** agus **an Roinn Iompair**.

3.2 AN AERÁID

Soláthraítear i réimse an taighde aeráide fianaise ar thionchair mhaicreacnamaíocha agus chomhionannais na mbeartas aeráide. Tá taighde ar an aeráid á mhaoiniú ag **an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (DECC)**, **an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe (DPENDR)**, **an Roinn Airgeadais (DFIN)**, **an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta (DETE)**, **an Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA)** agus **ag Taighde Éireann**.

Dhírigh an fhoireann aeráide in 2024 ar a samhail anailíseach Cothromaíochta Ginearálta Inríofa (CGE), ar a dtugtar Comhshaoil, Fuinneamh agus Geilleagar na hÉireann (I3E), a fheabhsú. Éascaíonn an leagan nuashonraithe seo anailís níos doimhne ar an aistriú chuig geilleagar ísealcharbóin. Tá sa mhúnla anois foinsí fuinnimh in-athnuaite mionsonraithe agus roghanna dícharbónaithe do tháirgeoirí éagsúla, a bhuíochas le maoiniú ó DECC, DFIN agus DPENDR. Cuireadh meastacháin a bhí mar bhonn leis na réamh-mheastacháin astaíochtaí eacnamaíocha agus fuinnimh faoi bhráid an EPA chun tacú lena réamh-mheastacháin, agus tugann sé le fios iad don AE agus do na Náisiúin Aontaithe araon.

Buaicphointí agus torthaí taighde

- Rinneadh samhaltú ar na tionchair a bheadh ag cánacha carbóin, ag méaduithe ar phraghsanna ceadanna scéim trádála astaíochtaí an AE (ETS) agus ag géarchéim na hÚcráine ar phraghsanna fuinnimh agus ar gheilleagar na hÉireann. Deimhníodh sa taighde seo, arna mhaoiniú ag **DETE** agus arna fhoilsiú i mí Aibreáin, go mbeadh costais mhóra i gceist mura n-aistireofaí go roghanna malartacha ísealcharbóin sa timpeallacht fuinnimh faoi láthair.
- Rinneadh tuilleadh taighde ar an gcaoi a bhféadfaí cánachas aeráide a chomhcheangal le beartais chúitimh eile chun a chinntiú go laghdófaí astaíochtaí agus go méadófaí aschur eacnamaíoch agus cothromas. Léirítear in alt irisleabhair a foilsíodh i mí an Mheithimh bunaithe ar obair a mhaoinigh **DECC** agus **DFIN** gur féidir le húsáid chiallmhar a bhaint as ioncam carbóin feabhas a chur ar thionchair dhiúltacha an chánachais carbóin agus fiú iad a aisiompú.
- Léirítear i meastacháin nua go bhfuil astaíochtaí bunaithe ar ídiú na hÉireann níos mó ná astaíochtaí bunaithe ar tháirgeadh, rud a fhágann allmhaireoir glaniompórtálaí í Éire. Scrúdaíodh in obair a mhaoinigh **an EPA** a foilsíodh i Lúnasa cur chuige úrnua i leith astaíochtaí bunaithe ar ídiú ríomh. Rinneadh comparáid idir astaíochtaí na hÉireann agus astaíochtaí tíortha comhchosúla in obair bhreise. Leanfaidh an obair ar mheastachán bliantúil a chruthú ar astaíochtaí bunaithe ar ídiú d'Éirinn sna blianta amach romhainn.
- Léiríodh i samhaltú eacnamaíoch ar an athrú aeráide go bhféadfadh na tionchair eacnamaíocha atá á n-imirt ag aeráid athraitheach a bheith suntasach d'Éirinn. Rinne an obair a rinneadh don **Chomhairle Chomhairleach um Athrú Aeráide (CCAC)**, arna maoiniú ag **an EPA**, scrúdú ar roinnt tionchair athraithe aeráide d'Éirinn. Bhíothas in ann anailís a dhéanamh ar na tionchair iomlána trí na tionchair seo a chur i bhfeidhm i samhail I3E. Léirítear sna

torthaí, a foilsíodh i mí Mheán Fómhair, go bhfuil na tionchair thánaisteacha mór, agus gur féidir le hÉirinn tionchair a laghdú trí oiriúnú. Áirítear ar an obair leanúnach ar an ábhar seo meastachán a dhéanamh ar thionchair aeráide a bhaineann le tionchair fíor-dhrochaimsire.

Leanann taighdeoirí sa réimse seo de bheith ag obair go dlúth le lucht déanta beartas agus le páirtithe leasmhara eile, agus iad mar chuid de ghrúpa oibre an CCAC ar na Buiséid Charbóin agus de ghrúpa samhaltaithe aeráide Roinn an Taoisigh. A bhuí le comhpháirtíochtaí láidre leis an DECC, DFIN agus DPENDR, bhí réimse an taighde aeráide in ann a mbonneagar samhaltaithe a fhorbairt go suntasach le bliain anuas. Sa bhliain 2024, ghlac an Dr Kelly de Bruin páirt i gcuir i láthair do Choiste an Oireachtais um Fhormhaoirsiú Buiséid ar na tosaíochtaí don Phlean Forbartha Náisiúnta.

3.3 IOMAÍOCHAS, TRÁDÁIL AGUS INFHEISTÍOCHT DHÍREACH CHOIGRÍCHE (IDC)

Dírítear i dtaighde an ESRI sa réimse seo go príomha ar chúinsí struchtúrtha agus micreacnamaíocha agus ar bheartais atá mar bhonn faoi iomaíochas agus fás eacnamaíoch in Éirinn agus i dtíortha Eorpacha eile i gcomhthéacs an chomhtháthaithe eacnamaíoch idirnáisiúnta. Díríodh i dtaighde sa bhliain 2024 sa réimse seo ar na téamaí uileghabhálacha seo a leanas: infheistíocht dhíreach choigríche (IDC) agus na héifeachtaí eacnamaíocha, sóisialta agus spásúla gaolmhara; intleacht shaorga, teicneolaíochtaí digiteacha agus táirgiúlacht; scileanna intleachta saorga agus digiteacha; digitiú agus inbhuanaitheacht i measc fiontar.

Buaicphointí agus torthaí taighde

Fuarthas amach le taighde a fuair maoiniú ó **chuid Chlár Fís Eorpach an Choimisiúin Eorpaigh de thionscadal an ESSPIN**, gur chuir gnólachtaí mhóra ilnáisiúnta a raibh sciaranna ceannasacha den mhargadh acu – sárghnólachtaí idirnáisiúnta – níos mó ná cúinsí eile, le méadú ar neamhionannas pá idir gnólachtaí ar fud réigiúin na hEorpa. Rinneadh scrúdú i snáithe taighde eile den tionscadal seo ar éagsúlacht aonair, scoile agus spásúil i bhfoghlaim dhigiteach daltaí meánscoile in Éirinn, agus leagadh béim ann ar an tionchar leanúnach atá ag comhthéacsanna sóisialta agus scoile ar rochtain daltaí ar theicneolaíochtaí digiteacha, rud a chuireann le neamhionannas sóisialta in eispéiris den teicneolaíocht dhigiteach.

Scrúdaíodh i dtaighde a mhaoinigh **cuid Chlár Fís Eorpach an Choimisiúin Eorpaigh de thionscadal EFFECT** éifeachtacht na hinfheistíochta in oiliúint fostaithe i dtaobh fás táirgiúlachta i dtíortha AE. Léiríodh i dtorthaí an taighde gurbh é carnadh caipitil fhisiciúil agus dholáimhsithe den chuid is mó ba chúis le fás táirgiúlachta saothair i gcaitheamh na tréimhse 2008-2020. Ba láidre an tionchar a d'imir carnadh caipitil dholáimhsithe ar fhás táirgiúlachta saothair i dtionscail a thug faoi níos mó oiliúna i gceist leo.

Deimhníodh i dtaighde ar naisc idir digitiú agus inbhuanaitheacht, arna mhaoiniú ag an **gCoimisiún um Rialáil Cumarsáide (ComReg)** agus **an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide** a foilsíodh i mí na Samhna, gur cuspóirí gnó comhlántacha iad digitiú agus inbhuanaitheacht i measc fiontar in Éirinn. Léiríodh sna torthaí go raibh glacadh míchothrom le bearta inbhuanaitheachta a bhaineann le teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide (TFC) i measc fiontar, earnálacha agus réigiún.

Deimhníodh i snáithe taighde eile go raibh feidhmíocht aschuir, fostaíochta agus táirgiúlachta níos fearr ag gnólachtaí a úsáideann leathanbhanda sárthapa in Éirinn i gcomparáid leis an gcuid eile de

na gnólachtaí. Léiríodh sna torthaí go raibh baint ag úsáid níos mó a bhaint as leathanbhanda sárthapa ar leibhéal gnóthais le neamhionannas táirgiúlachta saothair níos mó idir gnóthais.

Deimhníodh i dtaighde ar intleacht shaorga (IS) agus ar tháirgiúlacht ar leibhéal gnólachta gur ghin gnólachtaí a úsáideann IS i bhfad níos mó breisluacha ná gnólachtaí nár úsáid IS. Léiríodh i meastacháin a fuarthas le samhail feidhme táirgthe go raibh gnólachtaí a bhí ag baint úsáide as IS níos déine ar fud réimsí gnó i bhfad níos táirgiúla. Cuireadh an taighde seo i láthair i Lúnasa ag **Comhdháil Theorainneacha Idirdhisciplíneacha an Chumainn Eacnaiméadraigh (ESIF) ar Eacnamaíocht, Intleacht Shaorga agus Meaisínfhoghlaím**, a cuireadh ar siúl in Ollscoil Cornell, Ithaca, USA.

Aithníodh i dtaighde ar infhaighteacht agus forbairt scileanna digiteacha i gcomhthéacs shcaipeadh méadaitheach na hintleachta saorga agus teicneolaíochtaí digiteacha eile laistigh den gheilleagar agus sa tsochaí i gcoitinne bearnaí tábhachtacha i scileanna digiteacha i measc an daonra óig in Éirinn i gcomparáid le tíortha eile an AE. Ag tarraingt ar shonraí doimhne ó mheánscoileanna in Éirinn, léiríodh sna torthaí go raibh baint ag scileanna múinteoirí, cultúr daonlathais mac léinn agus éiteas scoile iomlánaíoch cuimsitheach le forbairt scileanna digiteacha níos fearr. Cuireadh an taighde seo i láthair i mí Mheán Fómhair ag an **10^ú Ceardlann Idirnáisiúnta ar Éifeachtúlacht san Oideachas, sa tSláinte agus i Seirbhísí Poiblí eile**, Milano, an Iodáil.

3.4 OIDEACHAS

I réimse taighde an ESRI a bhaineann leis an oideachas, clúdaítear gach leibhéal den chóras oideachais in Éirinn: oideachas luath-óige, bunoidéachas, meánoideachas, breisoideachas agus ardoideachas. Díríodh i dtaighde in 2024 ar bheartas agus soláthar do mhic léinn a bhfuil riachtanais bhreise acu, beartais folláine scoláirí, meascán inscne agus sóisialta scoile, neamhionannas oideachais, teicneolaíochtaí digiteacha san oideachas, tionchar COVID-19 agus anailísí comparáideacha. Bhain an obair le taighde agus staidéir thrasnáisiúnta ina ndírítear ar an oideachas in Éirinn.

Buaicphointí agus torthaí taighde

Tá baint lárnach ag taighdeoirí oideachais le raon staidéar comparáideach Eorpach, agus tá taighdeoir amháin ina Shaineolaí Náisiúnta Éireannach ag Lónra Saineolaithe Neamhspleácha **an Choimisiúin Eorpaigh** ar Oideachas agus Oiliúint. Fiosraíodh sa taighde, mar chuid den chreat seo, deacrachtaí folláine agus meabhairshláinte i measc daoine óga in Éirinn agus *Ráiteas Beartais agus Creat Cleachtais Folláine in 2018* de chuid na Roinne Oideachais, a bhfuil mar chuspóir aige tionscnaimh folláine a fheabhsú i scoileanna Éireannacha. Léirítear sna torthaí go raibh meon dearfach ag páirtithe leasmhara faoi na buntáistí a bhaineann le creat a bheith ann do threoracha agus do chinntí amach anseo. Mar sin féin, luaigh roinnt páirtithe leasmhara go raibh an dúshlán céanna ann maidir leis an mbeartas a aistriú go cleachtais éifeachtacha scoile, ar minic go mbíonn easpa forbairt ghairmiúil múinteoirí agus éilimh iomaíocha ar acmhainní mar bhonn leis.

Léirítear i dtaighde nua ar rochtain ar theagasc príobháideach i measc scoláirí mar ullmhúchán do scrúdú na hArdteistiméireachta go bhfuil sé sraitheach go sóisialta, go bhfuil sé inrochtana dóibh siúd a bhfuil acmhainní teaghlaigh níos mó acu, agus dóibh siúd atá ag freastal ar scoileanna a bhfuil

glacadh isteach socheacnamaíoch níos airde scoláirí iontu. Meastar gur infheistíocht é an teagasc sin, go háirithe i measc scoláirí a bhain leibhéal mheánacha agus os cionn an mheáin de ghnóthachtáil amach roimhe seo, ach is lú an seans go nglacfaidh scoláirí a bhaineann gnóthachtáil ard amach agus iad siúd a bhaineann scór níos airde amach ar thomhais choinsiasa páirt. Léiríodh in anailísí comparáideacha eile ar an teagasc sin sa tionscadal PIONEERED an ról difriúil atá aige i dtíortha éagsúla agus ar an mbunleibhéal agus ar an meánleibhéal. Bhí nasc idir teagasc príobháideach a fháil agus gráid níos airde san Ardteistiméireacht i measc scoláirí níos ísle gnóthachtála ach ní raibh sé sin amhlaidh i gcás grúpaí eile.

Foilsíodh obair ar staidéar fairsing ar mhodhanna measctha don **Chomhchoiste na mBainisteoirí** inar fiosraíodh an méid a chuirtear ar fáil i meánscoileanna deonacha do scoláirí agus don phobal i gcomhthéacsanna agus suíomhanna éagsúla. Léirítear sna torthaí treocht mhéadaitheach i líon na scoláirí atá as láthair ón scoil i ndiaidh COVID-19 – rud a mbíonn iarmhairtí forleathana aige maidir le rannpháirtíocht acadúil, críochnú na scoile agus ionchais don todhchaí. Léirítear sna torthaí freisin gur thaitin suíomhanna comhoideachais le scoláirí, beag beann ar fhreastail siad ar scoileanna aonghnéis nó comhoideachais, agus gur léirigh baill foirne agus tuismitheoirí roghanna éagsúla. Tá difríochtaí inscne ann fós sna hábhair atá ar fáil do scoláirí agus i dtéarmaí a roghanna féin ábhar, chomh maith leis an méid a mheastar ábhair éagsúla a bheith suimiúil nó deacair. Ní bhíonn ach mionlach beag scoláirí ann a bhfuil suim acu i bhfoghlaim na Gaeilge, rud a chruthaíonn impleachtaí don teanga náisiúnta.

Léiríodh i dtaighde a foilsíodh i mBealtaine don **Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais agus Óige** gur tháinig méadú ar rannpháirtíocht san ábhar tar éis gur athchóiríodh an tsraith shóisearach. Mar sin féin, tá meon nach bhfuil chomh dearfach céanna faoin scoil forbartha ag cailíní mar gheall ar dheacrachtaí mothúchána níos mó ó tharla an phaindéim.

Ag baint úsáide as sonraí ón staidéar *Ag Fás Aníos in Éirinn* ina ndéantar ionadaíocht don tír iomlán, léiríodh i dtaighde a foilsíodh i mí Dheireadh Fómhair mar chuid de chlár taighde le **DCEDIY** méadú ar leitheadúlacht an mhíchumais le himeacht ama agus bearna idir daoine faoi mhíchumas agus daoine eile ina rannpháirtíocht ar scoil agus in ábhair scoile. Léirítear i dtaighde eile éagothromaíochtaí idir scoláirí faoi mhíchumas agus scoláirí nach bhfuil faoi mhíchumas, agus i measc scoláirí faoi mhíchumas i dtaca le tacaíocht scoile d'fhéintreorú i gcinnteoireacht iarscoile, agus go bhfuil inscne, cúlra socheacnamaíoch, caipiteal cultúrtha agus eispéiris luathoideachais tábhachtach freisin i dtaca le tacaíocht bhraithe. Is tosca cosanta iad rannpháirtíocht dhearfach scoile agus caidreamh dearfach idir scoláirí agus múinteoirí, chomh maith le féinionchais arda, rud a thugann le fios gur féidir le timpeallachtaí tacúla agus féinchoincheap a chothú scileanna féintreoirithe scoláirí a fheabhsú.

Taighde eile

Cuireadh obair i gcrích don **Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta** ar staidéar mórsála inar fiosraíodh conairí iarscoile i measc daoine óga a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Beidh na torthaí tábhachtach chun tionchar a imirt ar an soláthar do scoláirí a bhfuil riachtanais bhreise acu i scoileanna speisialta agus scoileanna príomhshrutha agus i ndiaidh na scoile go ginearálta.

Rinneadh staidéar freisin do **Sheirbhís Tacaíochta Oideachais Tusla** ina ndearnadh athbhreithniú ar an gClár Críochnaithe Scolaíochta, a sholáthraíonn tacaíochtaí do leanaí agus daoine óga atá i mbaol éirí as an scoil.

Leanadh leis an obair ar an staidéar **ESSPIN**, staidéar a fuair maoiniú ó **Fhís Eorpach** agus a bhain le neamhionannas sóisialta, eacnamaíoch agus spásúil san Aontas Eorpach sa chomhthéacs go bhfuil níos mó dúshláin dhomhanda ann. Ina theannta sin, díriodh i staidéar **EFFEct**, staidéar ceithre bliana arna mhaoiniú ag Fís Eorpach, ar cháilíocht an oideachais a fheabhsú ar fud an AE. Tá taighdeoirí an ESRI ag díriú ar aghaidh a thabhairt ar an neamhionannas i ngnóthachtáil oideachais agus ar ról na dteicneolaíochtaí digiteacha san oideachas.

3.5 FUINNEAMH AGUS AN COMHSHAOL

Tagann an príomh-mhaoiniú do thaighde fuinnimh ag an ESRI ó Ionad Taighde um Beartas Fuinnimh an ESRI, a bhfuil a chomhaltaí comhdhéanta den **Choimisiún um Rialáil Fónais; an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (DECC); EirGrid; Energia; ESB; Líonraí Gáis Éireann; agus SSE Éireann**. Tá tionscadail bhreise á maoiniú ag **an gCoimisiún Eorpach (Fís Eorpach), Taighde Éireann (Fondúireacht Eolaíochta Éireann roimhe seo) agus Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI)**. Tá taighde a bhaineann leis an gcomhshaol maoinithe ag an **nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA)**, agus tá taighde ar líonraí agus seirbhísí cumarsáide leictreonaí maoinithe ag an **gCoimisiún um Rialáil Cumarsáide (ComReg)**.

Cuimsítear sa taighde sa réimse ábhair ar nós éifeachtúlacht fuinnimh tí, bochtaineacht fuinnimh, margaidh leictreachais a dhearadh, agus an comhéadan idir an comhshaol agus sláinte an duine.

Buaicphointí agus torthaí taighde

- Chuir comhghleacaithe EPRC i mí Eanáir le tuarascáil an ESRI maidir le tosaíochtaí don Phlean Forbartha Náisiúnta, agus deimhníodh go bhfuil seans maith ann go mbeidh srianta suntasacha acmhainne ann chun spriocanna a luaitear a bhaint amach laistigh den bhonneagar fuinnimh, agus gur dóchúil go mbeidh líon mór pearsanra ag teastáil i gcomparáid le méid na hearnála tógála.
- Rinne anailís a d'úsáid sonraí teirmeastait chliste cainníochtú ar an méid a chuirtear feidhmíocht fuinnimh san áireamh i Rátáil Fuinnimh Foirgnimh (BER), agus fuarthas amach go bhfuil an difríocht in úsáid fuinnimh is inchurtha i leith na scálaí BER measartha agus nach bhfuil sé difriúil go suntasach ó thaobh méide de ón méid is inchurtha i leith idirghabhálacha beaga iompraíochta.
- Deimhníodh i mí Dheireadh Fómhair i dtaighde ina ndearnadh anailís ar thionchar na moilleanna pleanála agus rialála ar bhonneagar fuinnimh go mbíonn tionchar suntasach ag moilleanna rialála a bhaineann le bonneagair fuinnimh a sholáthar ar phraghsanna leictreachais, ar astaíochtaí córais agus ar chostais chórais. Bhí go leor de na moltaí beartais a d'eascair as an obair seo ar aon dul leis na cinn a chuir an Coimisiún um Rialáil Fónais i bhfeidhm i ráithe 4 2024.

Tá taighde leanúnach ar bun ag clár taighde **an EPA**, a síneadh ar feadh tréimhse dhá bhliain eile ag deireadh 2024, a chlúdaíonn ábhair a bhaineann le sláinte, eolaíocht iompraíochta, beartas rialála agus athrú aeráide. I measc na dtionscadal nua taighde fuinnimh a tosaíodh in 2024 bhí na

tionscadail FlexECon (Uasmhéadú Solúbthachta Tomhaltas Fuinnimh in Éirinn) agus SOCERGY (Comparáid shóisialta le haghaidh infheistíocht in éifeachtúlacht fuinnimh) atá maoinithe ag **an SEAI**, a mbeidh comhoibriú le hAonad Taighde Iompraíochta an ESRI, Ollscoil na Gaillimhe, an tIonad Eora-Mheánmhara um Athrú Aeráide, agus comhpháirtithe EPRC **Energiai** gceist leo. Scrúdófar sna tionscadail seo úsáid idirghabhálacha iompraíochta chun treoir a thabhairt do chinntí infheistíochta agus ídiú fuinnimh níos éifeachtaí.

Bhí taighde i gcur i láthair do choistí an Oireachtais le linn 2024 ar bhochtaineacht fuinnimh, a cuireadh i láthair an Chomhchoiste um Choimirce Shóisialach, Forbairt Pobail agus Tuaithe agus na hOileáin i mí Feabhra, chomh maith le plé ar thosaíochtaí don Phlean Forbartha Náisiúnta le Coiste an Oireachtais um Fhormhaoirsiú Buiséid.

Cuireadh roinnt comhdhálacha ar siúl sa limistéar taighde i rith na bliana, in Eanáir i gcomhar le taighdeoirí fuinnimh ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath (UCD) ina measc; inar labhair an t-aoidhaintear an tOllamh Ben Hobbs ó Ollscoil Johns Hopkins faoi mhargaí leictreachais i mBealtaine; ar na bacainní roimh ghníomhú laethúil ar son na haeráide i mBealtaine chomh maith; 12^ú Seimineár Taighde Aeráide agus Fuinnimh MaREI i Meitheamh; agus comhdháil ar bhochtaineacht fuinnimh ar deireadh i Samhain.

3.6 SLÁINTE AGUS CAIGHDEÁN NA BEATHA

Díríodh i dtaighde sa bhliain 2024 ar shláinte agus ar chaighdeán na beatha ar réimsí athchóiriú na seirbhíse sláinte agus na sláinte poiblí. Díríodh i dtaighde ar athchóiriú na seirbhíse sláinte ar riachtanais acmhainne sa chóras cúraim sláinte agus ar leithdháileadh acmhainní bunaithe ar an daonra. Rinneadh scrúdú i dtaighde ar an tsláinte phoiblí ar thionchar dálaí comhshaoil ar shláinte agus folláine, ar úsáid pornagrafaíochta i measc daoine óga fásta, agus ar fhoréigean gnéasach.

Buaicphointí agus torthaí taighde

- Tugadh chun solais i dtuarascáil a foilsíodh i mí Eanáir athruithe suntasacha san earnáil chúraim chónaithe fhadtéarmaigh ó phaindéim COVID-19. Maoiníodh an taighde tríd an tionscnamh **Taighde Comhoibritheach um Cháilíocht agus Sábháilteacht Othar** agus deimhníodh ann gur dúnadh beagnach ceann amháin as gach cúig theach cúraim chónaithe fhadtéarmaigh phríobháidigh (LTRC) idir Feabhra 2020 agus Nollaig 2022, agus go ndearnadh comhdhlúthú ar líon na n-oibreoirí tithe cúraim chónaitheigh fhadtéarmaigh phríobháidigh (brabúis) mar gheall ar iontrálaithe le déanaí i margadh na hÉireann.
- Seoladh tuarascáil i mí an Mhárta ar úsáid pornagrafaíochta i measc daoine óga. Bhain an taighde seo, arna mhaoiniú ag **Clár Sláinte Gnéis HSE**, úsáid as sonraí ó *Ag Fás Aníos in Éirinn* agus deimhníodh go raibh dóchúlacht i bhfad níos lú ann ina measc siúd a d'úsáid pornagrafaíocht ar líne coiscíní a úsáid agus iad ag déanamh gnéis.
- Foilsíodh dhá pháipéar ó chlár taighde **an EPA** i mí Iúil. Deimhníodh sa chéad cheann, inar úsáideadh sonraí ó Staidéar Fadaimseartha na hÉireann ar Aosú a bhí nasctha le tomhais fhadtéarmacha ar thruailliú aeir, go bhfuil baint ag truailliú aeir le meabhairshláinte níos measa. Deimhníodh sa dara páipéar, inar úsáideadh sonraí ar cheantair bheaga an Daonáirimh a bhí nasctha le tomhais truailithe aeir, go raibh leibhéil níos airde truailithe aeir i measc daoine a bhí ina gcónaí i gceantair thuaithe faoi mhíbhuntáiste níos mó in Éirinn ná mar a bhí i measc daoine a bhí ina gcónaí i gceantair thuaithe faoi bhuntáiste níos fearr.

- Fiosraíodh i bpáipéar a maoiníodh trí **Chlár Taighde Sláinte um Athchóiriú Cúraim Sláinte na Roinne Sláinte** agus a foilsíodh i mí na Nollag na cinntithigh atá i gceist i dtaobh fad fanachta othar cónaitheach géarchúraim shíciatraigh in Éirinn. Deimhníodh gur daoine níos aosta, mná agus daoine a tugadh isteach go neamhdheonach is mó a mbíonn fanacht níos faide acu. Deimhníodh freisin go raibh tionchar ag diagnóis chliniciúil ar fhad an fhanachta, agus diagnóisí amhail scitsifréine bainteach le fanacht i bhfad níos faide ná, mar shampla, eipeasóidí dúlagair.

Aschur taighde eile

Leanadh in 2024 leis an obair ar an athbhreithniú acmhainneachta ar chóras cúraim sláinte na hÉireann; tá tuarascálacha gaolmhara le foilsiú in 2025. Cuireadh tús le roinnt cláir agus tionscadail nua in 2024, lena n-áirítear clár arna mhaoiniú ag **Cuan** ina ndéantar scrúdú ar phatrúin íospartachta agus úsáide seirbhísí i measc na ndaoine a bhfuil taithí acu ar fhoréigean gnéasach i measc daoine fásta in Éirinn, agus tionscadal arna mhaoiniú ag **an mBord Taighde Sláinte**, i gcomhar le comhghleacaithe ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, chun próifíl Córais Sláinte i mbun Aistriú a scríobh d'Éirinn.

Rinneadh cur i láthair i rith na bliana do raon leathan comhdhálacha acadúla, do pháirtithe leasmhara agus don lucht déanta beartas, lena n-áirítear comhdháil Chumann Eacnamaíochta Sláinte na hEorpa, Ceardlann Eacnamaíochta Bhaile Átha Cliath, Cruinniú Mullaigh Sláinte an Business Post, agus an tAire Mary Butler.

3.7 TITHÍOCHT

Tá rochtain ar thithíocht agus inacmhainneacht na tithíochta ar cheann de na saincheistanna sóisialta agus eacnamaíocha is ríthábhachtaí faoi láthair in Éirinn agus ar fud an domhain. Díríonn Réimse Taighde Tithíochta an ESRI ar raon ábhar chun fianaise a sholáthar chun tacú le cinntí beartais tithíochta. I measc ár n-ábhar taighde tá samhaltú praghsanna tithe, inacmhainneacht tithíochta a thomhas, an earnáil chíos a anailísiú, anailís ar thaobh an tsoláthair agus ar mhargadh na talún, agus gnéithe sóisialta na tithíochta. I measc ár dtéamaí taighde uileghabhálacha in 2024 bhí an t-éileamh struchtúrach ar thithíocht a thomhas agus líon tí a anailísiú, inbhuanaitheacht phraghsanna tithíochta a iniúchadh, monatóireacht ar threochtaí cíosa a fheabhsú, agus éifeachtúlacht fuinnimh a iniúchadh i gcás maoín chíos.

Buaicphointí agus torthaí taighde

- Léirigh anailís ar shonraí cíosa nua nár tháinig ardú cíosa ar fhoirmhór na dtionóntaí reatha in 2023 agus tugann sé léargas do lucht déanta beartas a thuigeann tionchar rialuithe cíosa.
- Léirigh taighde éileamh láidir bunúsach ar thithíocht i bhfianaise brúnna déimeagrafacha agus imirce isteach.
- Tá líon tí in Éirinn ard i gcomhthéacs idirnáisiúnta, agus imríonn struchtúir aoise an daonra, tosca déimeagrafacha eile agus srianta ar sholáthar tithíochta tionchar air.
- Léiríodh i dtaighde inar cuimsíodh Éire, Tuaisceart Éireann agus an chuid eile den Ríocht Aontaithe an tábhacht a bhaineann le hinfheistíocht rialtais chun tithíocht shóisialta agus inacmhainne a leathnú.

- Aithníodh in anailís ina ndearnadh scrúdú ar an nasc idir creidmheas agus praghsanna tithe go bhfuil éifeachtaí creidmheasa ag teacht chun solais athuair maidir le brú aníos a chur ar phraghsanna.

Léargas nua ar bhoilsciú cíosa

Díríodh i dTaighde a mhaoinigh **an Bord um Thionóntachtaí Cónaithe** in 2024 ar thabhairt faoin gcéad anailís chuimsitheach in Éirinn ar bhoilsciú cíosa ar leibhéal maoine. Tugann sé seo tuiscint níos fearr ar conas a dhéanann athruithe cíosa agus tionchair reachtaíocht Chriosanna Brú Cíosa na hÉireann agus comhlíonadh na reachtaíochta sin difear dóibh. Deimhníodh san obair go raibh fás cíosa íseal, ar an meán, i gcás maoine a ndearnadh rianú orthu ó bhliain go bliain, agus gan aon athrú le tabhairt faoi deara sa chuid is mó díobh. Sainaithníodh san obair seo roinnt rátaí arda boilscithe freisin, maoín os cionn na n-uasteorainneacha san áireamh; bhí an rialálaí in ann teagmháil a dhéanamh leis na tiarnaí talún seo maidir le comhlíonadh, den chéad uair.

Bunéileamh láidir ar thithíocht aitheanta

Tugadh faoi thaighde in 2024 inar fiosraíodh an bunéileamh struchtúrach ar thithíocht, le tacaíocht ón gclár fadtéarmach taighde leis **an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidreacht**. Cruthaíodh sa taighde seo cásanna déimeagrafacha bunaithe ar mhéaduithe nádúrtha ar an daonra agus ar shreafaí glan imirce. Agus na sonraí seo á gcomhcheangal le toimhdí maidir le rátaí ceannasaíochta (líon na ndaoine in aghaidh an teaghlaigh) agus rátaí difheidhmeachta an stoic tithíochta atá ann cheana féin, chuir taighdeoirí réimse meastachán le chéile maidir le sreabhadh teaghlach nua in Éirinn. Agus an meán i measc na gcásanna uile á chur san áireamh, meastar go mbeidh an t-éileamh struchtúrach tithíochta thart ar 44,000 aonad in aghaidh na bliana ó 2023 go 2030, agus thart ar 39,700 aonad in aghaidh na bliana i rith na tréimhse 2030-2040. Bhí an taighde seo bunaithe ar thaighde breise ar líon tí, ina ndearnadh iniúchadh ar líon tí theaghlaigh na hÉireann i gcomparáid le tíortha Eorpacha eile. Deimhníodh sa taighde seo go raibh an líon tí in Éirinn mór mar gheall ar struchtúr aoise an daonra, ar thosca socheacnamaíocha eile agus ar threochtaí soláthair tithíochta.

Tugann tástáil ar an nasc idir creidmheas agus praghsanna tithe le fios go bhfuil brú aníos ag teacht chun cinn arís

Tá tréimhse 17 mbliana caite ó chuaigh an ghéarchéim airgeadais i bhfeidhm ar mhargadh tithíochta na hÉireann den chéad uair. I bhfianaise an mhéadaithe leanúnaigh ar phraghsanna tithe na hÉireann ó 2012 i leith, rinneadh athscrúdú ar an idirghaol idir infhaighteacht chreidmheasa agus athruithe ar phraghsanna tithe in 2024. Bhí sé mar aidhm aige iniúchadh a dhéanamh ar an gcaoi a bhfuil na margaí cónaithe agus airgeadais ag teacht chun cinn, agus forbraíodh samhail ann d'earnáil tithíochta agus chreidmheasa na hÉireann. Go sonrach, déantar sa taighde measúnú ar an méid a chuireann athruithe ar chaighdeán chreidmheasa le forbairtí le déanaí ar phraghsanna tithe. Tá ceachtanna le foghlaim ag ballstáit eile an AE ó na forbairtí i margadh na hÉireann. Deimhníodh sa taighde gur tháinig éifeachtaí creidmheasa chun cinn arís a rinne praghsanna tithe a ardú.

Tá infheistíocht rialtais ríthábhachtach chun tithíocht shóisialta agus inacmhainne a sholáthar

I bhfianaise na ndeacrachtaí a bhíonn ag taobh an tsoláthair den mhargadh tithíochta intíre, tugtar eolas dúinn ach comparáid a dhéanamh idir soláthar tithíochta i margadh na hÉireann agus soláthar

na margaí tithíochta is gaire d'Éirinn; go háirithe, margaí Thuaisceart Éireann, Shasana, na hAlban agus na Breataine Bige. Tá go leor de shaintréithe mhargadh na hÉireann i gcoiteann ag na margaí seo i dtéarmaí córais phleanála agus rialála chomh maith le roghanna cultúrtha i gcás cineálacha áirithe maoine i gcomparáid le margaí tithíochta ilchríochacha. Tá an taighde seo, atá maoinithe ag **an Aonad um Oileán Comhroinnte**, Roinn an Taoisigh, bunaithe ar thaighde an ESRI chun dinimic an tsoláthair tithíochta ar fud mhargaí éagsúla na hÉireann agus na Ríochta Aontaithe a mheas. Feidhmíonn sé seo mar thagarmharc tábhachtach chun feidhmíocht thaobh an tsoláthair de mhargadh cónaithe na hÉireann a mheas.

Aschur taighde eile

Cuimsíodh go leor ábhair eile in 2024 sa ghníomhaíocht i réimse an taighde tithíochta freisin. Díríodh i staidéir a maoiníodh faoin gclár taighde leis **an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht** ar fhorbairtí tithíochta cónaithe agus éileamh ar chúram sláinte a nascadh, ar phraghsanna talún agus a gcinntithigh a fhiosrú, ar na riachtanais infheistíochta éifeachtúlachta fuinnimh le haghaidh maoin chíos a fhiosrú, agus ar an thionchar a fhiosrú a imríonn gníomaíocht ligin ghearrthearmaigh ar an earnáil chíos. Rinne ár monatóireacht leanúnach ar chíos, arna maoiniú ag **an mBord um Thionóntachtaí Cónaithe**, ceithre fhoilseachán Innéacs Cíos a chur le chéile, tuarascálacha ina soláthraítear sonraí bunúsacha chun eolas a thabhairt do bheartas rialaithe cíos na gCriosanna Brú Cíos in Éirinn.

Ina theannta sin, mar chuid de Ghrúpa Comhairleach Margaidh Eastáit Réadaigh Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip (UNECE), ghlac an ESRI páirt i staidéar mór trastíre ar inacmhainneacht tithíochta i measc bhallstáit an UNECE. Cuireadh na torthaí i láthair ag comhdháil bhliantúil an UNECE sa Ghinéiv i mí Mheán Fómhair. Rinne comhoibrithe le Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus Ollscoil na Gaillimhe taighde a chur le chéile ar rialuithe cíos agus soláthar tithíochta.

Maidir le rannpháirtíochtaí seachtracha, rinne taighdeoirí tithíochta an ESRI cur i láthair do raon páirtithe leasmhara, Comhairle na hÉireann um Thithíocht Shóisialta, Coiste an an Oireachtais um Fhormhaoirsiú Buiséid, agus raon comhlachtaí eile san earnáil phoiblí ina measc. Is féidir tionchar thaighde tithíochta an ESRI a thabhairt faoi deara sa tuarascáil a d'fhoilsigh an Coimisiún Tithíochta le déanaí i mBealtaine 2024, ina luaitear seacht bhfoilseachán tithíochta de chuid an ESRI.

3.8 AN MARGADH SAOTHAIR AGUS SCILEANNA

Rinneadh taighde in 2024 ar raon éagsúil ábhar, as ar tháinig roinnt foilseacháin nua-eisithe nó foilseacháin chríochnaithe. Sheol an fhoireann an chéad tuarascáil faoi chlár taighde nua leis an **Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta** inar scrúdaíodh na riachtanais scileanna do theicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn in Éirinn. Foilsíodh staidéar, arna mhaoiniú ag **Pobal**, ina ndéantar scrúdú ar an nasc idir tionchair COVID-19 ar an tsláinte, go háirithe rátaí ionfhabhtaithe agus rátaí iontrála in aonaid dianchúraim (ICU), agus míbhuntáiste sóisialta.

D'fhoilsigh taighdeoirí staidéar, arna mhaoiniú ag **an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail**, agus treoir maidir le cur i bhfeidhm a ghabh leis i dtaobh na príomhtháscairí a shainithint chun

monatóireacht a dhéanamh ar leibhéil leasa i gceantair thuaithe agus ar éifeachtacht na hidirghabhála beartais. Lean an fhoireann orthu le taighde a dhéanamh ar shaincheistean Thuaidh-Theas; foilsíodh páipéar maidir le hoibrithe trasteorann, a maoiníodh faoi chomhchláir thaighde an ESRI leis **an Roinn Airgeadais**; rinneadh dul chun cinn ar obair ar dhifríochtaí idir rátaí neamhghníomhaíochta trasteorann, a maoiníodh faoi chomhchláir thaighde an ESRI le **Ibec**, agus tosaíodh staidéar inar soláthraíodh comparáid ardleibhéil idir geilleagair na hÉireann agus Thuaisceart Éireann, a maoiníodh faoi chomhchlár taighde an ESRI leis **Aonad um Oileán Comhroinnte**.

Tosaíodh obair ar staidéar a mhaoinigh **an Roinn Airgeadais** ar mhinicíocht agus ar shaintréithe post glas agus donn in Éirinn. Ar deireadh, críochnaíodh taighde, faoin gclár taighde leis an **gCoimisiún um Pá Íseal**, ar dhá pháipéar ina scrúdaítear impleachtaí cineálacha éagsúla cur chuige tomhais maidir le pá íosta, agus ina meastar éagsúlachtaí réigiúnacha i minicíocht an phá íosta. Glacadh sa bhliain 2024 le páipéar arna mhaoiniú ag an **gCoimisiún um Pá Íseal** don iris *Economica*.

Thosaigh taighdeoirí sa bhliain 2024 ag obair ar dhá thionscadal **Fís 2023** ar ábhair neamhréireanna scileanna: **TRAILS** agus **SkillsPULSE**. I mí na Nollag 2024, chríochnaigh taighdeoirí an chéad táirge mór insoláthartha don tionscadal **TRAILS**, ina raibh trí pháipéar ina scrúdaítear saincheistean a bhaineann le neamhréir scileanna san Eoraip, tionchar agus minicíocht an oideachais agus na hoiliúna gairmoideachais, agus na riachtanais scileanna atá ag athrú laistigh de ghairmeacha beatha. I gcás thionscadal **SkillsPULSE**, cruthaíodh táscaire nua ar ghanntanais fhéideartha scileanna. Baineann cur chuige nuálach leis seo ina dtugtar faisnéis ó thacair shonraí éagsúla le chéile chun beart a chruthú ar féidir glacadh leis ar leibhéal bhallstát an AE.

Buaicphointí agus torthaí taighde

- Ba é an taighde a rinneadh an chéad cheann dá leithéid in Éirinn. Rinneadh scrúdú sa taighde ar éileamh, soláthar agus scileanna sa mhargadh saothair i gcás post a bhaineann le hintleacht shaorga (IS), uathobriú agus an blocshlabhra in Éirinn. Úsáidtear sa staidéar sonraí ó réimse foinsí, folúntais phoist ar líne agus ceardlann a reáchtáladh le fostóirí don taighde seo ina measc, agus tá sé mar aidhm aige lucht déanta beartas i réimsí an oideachais agus na forbartha scileanna a chur ar an eolas ionas gur féidir leo gníomhú go réamhghníomhach chun a chinntiú go líonfaidh an soláthar bearnaí i riachtanais an mhargaidh saothair amach anseo.
- Léiríodh i staidéar ar thionchair COVID-19 agus míbhuntáiste sóisialta ar an tsláinte go raibh rátaí ionfhabhtaithe COVID-19 breis agus an tríú cuid níos airde sna ceantair is díothaí (mar a tomhaiseadh le hInnéacs Díothachta HP) i gcomparáid le ceantair níos saibhre. Bhí rátaí ionfhabhtaithe níos airde freisin i gceantair nach raibh faoi mhíbhuntáiste agus atá suite i gcontaetha teorann. Tá impleachtaí suntasacha beartais ag baint leis an toradh deireanach seo i bhfianaise na teorann éadaingne idir Éirinn agus Tuaisceart Éireann. Maidir le ligean isteach san aonad dianchúraim, níl aon bhaint dhíreach ag díothacht le rátaí arda ligin isteach san aonad dianchúraim mar gheall ar COVID-19; ach is cosúil go bhfuil tionchar indíreach aige, mar sin féin, trí shaintréithe eile ar leibhéal ceantair.

3.9 MAICREACNAMAÍOCHT

Déanann rannóg Maicreacnamaíochta an ESRI taighde ar phríomhcheistean i ngeilleagar na hÉireann, lena n-áirítear luaineachtaí eacnamaíocha gearrthéarmacha, na rudaí fadtéarmacha a

chuireann fás eacnamaíoch chun cinn, agus an gaol idir an mhaicreacnamaíocht agus an earnáil airgeadais. I measc na bpríomhthéamaí i dtaighde maicreacnamaíoch in 2024 bhí measúnú a dhéanamh ar fhás eacnamaíoch fadtéarmach, ar infheistíocht i measc fiontair bheaga agus mheánmhéide Éireannacha, agus ar an ngaol idir an geilleagar i gcoitinne agus an margadh tithíochta.

Cé gur liostaíodh an tithíocht go hoifigiúil mar réimse taighde ar leith san ESRI in 2024, tá forluí láidir idir an tithíocht agus an macraigeilleagar.

Príomhthorthaí

- Táthar ag súil le fás measartha sa mheántearma i réamhaisnéisí fáis fadtéarmacha agus leagtar béim iontu ar an ngá atá le hinfeistíocht níos mó sna chéad deich mbliana eile.
- Pléitear i dTráchtairacht Ráithiúil Eacnamaíoch *an ESRI* forbairtí le déanaí i ngeilleagar na hÉireann, téamaí leanúnacha an gheilleagair dhúbailte agus margadh saothair láidir ina measc.
- Rinneadh samhaltú na gníomhaíochta eacnamaíche a scagadh agus a chur i bhfeidhm chun tuiscint níos fearr a fháil ar gheilleagar na hÉireann agus ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag dídhomhandú agus ag dul in aois an daonra.

I dtaighde mionsonraithe ar chonair fáis fhadtéarmaigh na hÉireann, cuireadh modheolaíocht thraidisiúnta chuntasaíochta fáis i bhfeidhm ag baint úsáide as réamh-mheastacháin daonra an ESRI. Baineadh an tátal as go bhfuil seans ann go maolódh an fás sa mheántearma, go príomha mar gheall ar athruithe déimeagrafacha. Mar sin féin, d'fhéadfaí rátaí fáis fadtéarmacha a mhéadú trí rátaí infheistíochta a threisiú sna chéad deich mbliana eile. Ina theannta sin, forbraíodh trí chás imirce chun an éifeacht ar fhás aschuir a mheas.

Tá trí phríomhsprioc ag ***an Tráchtairacht Eacnamaíoch Ráithiúil (QEC)***. Ar an gcéad dul síos, cuirtear anailís ar fáil inti ar fhorbairtí le déanaí in aschur, boilsciú, airgeadas poiblí agus margadh an tsaothair. Ar an dara dul síos, tá réamhaisnéis ghearrthéarmach inti maidir le príomhathróga eacnamaíocha. Ar an tríú dul síos, éascaíonn sí anailís theicniúil níos mó trí na hAirteagail Speisialta agus na Nótaí Taighde a ghabhann léi.

I measc na hoibre in 2024 a rinneadh don QEC, bhí samhail réamhaisnéise gearrthearmaí nua a fhorbairt, anailís ar inbhuanaitheacht mhéaduithe ar chaiteachas poiblí agus machnamh ar na héifeachtaí féideartha a bhaineann le dí-dhomhandú in 2025 ar gheilleagar na hÉireann. Áiríodh i measc na nAirteagail Speisialta agus na Nótaí Taighde a ghabh leis an QEC anailís ar ionchais maidir le praghsanna tithe, líon tí in Éirinn, agus sciar an tsaothair den ioncam in Éirinn.

Tá na réamhaisnéisí gearrthéarmacha sa QEC bunaithe ar shamhail mhíosúil Tuartha Reatha an ESRI. Úsáideann Tuar Reatha an ESRI samhail eacnamaíoch ina bhfuil sraith táscairí fíor-ama chun an tÉileamh Intíre Modhnaithe (MDD) a mheas sula mbíonn na huimhreacha oifigiúla ón bPríomh-Oifig Staidrimh ar fáil.. Ina theannta sin, cuimsíodh Tuar Reatha MDD sa tSaotharlann Tuartha Reatha i mí na Samhna 2024. Is timpeallacht uathoibríthe chóid-bhunachair sonraí-suímh Gréasáin í seo a thuarann gníomhaíocht eacnamaíoch in 14 thír Eorpacha aonair, i Limistéar an Euro, agus sna Stáit Aontaithe. Tá an timpeallacht á hóstáil ag foireann taighdeoirí agus forbróirí ag Institiúid Eacnamaíochta na hEilvéise KOF, ETH Zurich.

Lean taighde a rinneadh faoin gclár comhpháirteach le **IBEC** (Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann) de bheith ag díriú ar naisc idir geilleagair na hÉireann agus Thuaisceart Éireann. Tá samhail mhaicreacnamaíoch uile-oileáin á forbairt i gcomhar leis an Institiúid Náisiúnta um Thaighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (Niesr) sa Ríocht Aontaithe.

Rinneadh staidéar in obair a rinneadh faoi chlár taighde leis **an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta** ar infheistíocht i ghnólachtaí Éireannacha, inar díriodh ar infheistíocht i ndigitiú.

Leanadh leis an gclár taighde comhpháirteach idir an Roinn Airgeadais agus an ESRI ar *An Macraigheilleagar, Cánachas agus Baincéireacht* i rith 2024. I measc na dtionscadal taighde a cuireadh i gcrích nó a bhí ar siúl i rith na bliana bhí:

- **Staidéar ar Obair Thrasteorann:** Meastar sa tionscadal seo líon na n-oibrithe trasteorann in Éirinn, chun a dtréithe socheacnamagrafacha a chur síos chomh maith le heolas a sholáthar faoi na cúiseanna, na deiseanna agus na bacainní atá ann maidir le fostaíocht trasteorann.
- **Measúnú a dhéanamh ar Thionchar Féideartha Aosú an Daonra ar an Airgeadas Poiblí:** Úsáideann an tionscadal seo samhail mhaicreacnamaíoch COSMO an ESRI agus an tsamhail dhéimeagrafach araon chun cásanna macrachásanna malartacha a ghiniúint as ar féidir impleachtaí an aosaithe ar theacht chun cinn an airgeadais poiblí a anailísiú.
- **Ról Dinimicis Gnólachta i bhFás Comhiomlán na Táirgiúlachta (The Role of Firm Dynamism in Aggregate Productivity Growth):** Úsáidtear sa tionscadal seo micreashonraí ón bPríomh-Oifig Staidrimh ar ghnólachtaí seirbhísí agus déantúsaíochta chun scrúdú a dhéanamh ar phatrúin fáis gnólachtaí nua-iontráilte agus ar na patrúin réamh-imeachta do ghnólachtaí a bhfuil meath ag teacht orthu chun tuiscint níos doimhne a thabhairt ar dhinimic an fháis agus an imeachta ar leibhéal gnólachta.
- **Faireachán ar Infheistíocht in FBManna in Éirinn:** Tá sé beartaithe leis an tionscadal taighde seo scrúdú a dhéanamh ar an gcaoi a bhfuil na turraingí seachtracha comhcheangailte seo ag dul i bhfeidhm ar ghníomhaíocht infheistíochta FBManna agus ar an gcaoi a bhfuil sí á maoiniú.
- **Measúnú ar Thionchar an Aistrithe Ghlais ar an Margadh Saothair in Éirinn:** Tá sé mar aidhm ag an tionscadal treochtaí fostaíochta na hÉireann i bpoist ghlasa agus dhonna a mheas, agus iad a chur i gcomparáid le meán an AE agus le ballstáit an AE. Úsáidfear sa tionscadal Suirbhé ar Lucht Saothair na hÉireann (LFS) chun dáileadh post de réir oibrí agus tréithe eile a mhapáil, agus úsáidfear ann Suirbhé Post agus Scileanna na hEorpa 2022 chun príomhthascanna agus iniúilachtaí a bhaineann le poist ghlasa agus dhonna araon in Éirinn a aithint.
- **Modúl Taighde COSMO:** Tá dhá phríomhshnáithe oibre i gceist leis an modúl taighde seo, ar cuireadh tús leis in 2024:
 - **Snáithe I:** COSMO a chothabháil agus a fhorbairt
 - **Snáithe II:** Tionscadal taighde dírithe
- **Tionchar an Dídhomhandaithe ar Gheilleagar Beag Oscailte – Cás na hÉireann:** Tá an tionscadal seo mar chuid den mhodúl taighde COSMO (féach Snáithe II thuas) agus scrúdaítear ann an tionchar atá ag moilliú sa trádáil dhomhanda ar gheilleagar na hÉireann mar gheall ar fhorbairtí amhail méadú ar chaomhnaitheacht.

Chomh maith leis na tionscadail taighde struchtúrtha seo, rinneadh obair mhaicreacnamaíoch ad hoc ag baint úsáide as COSMO don Roinn Airgeadais i rith 2024. Áiríodh leis seo:

- Comhairleoireacht maidir le cásanna maicreacnamaíocha don chuid anailíse riosca de dhoiciméid éagsúla Bhuiséid agus le haghaidh anailís riosca cúlra i Ráiteas Eacnamaíoch an tSamhraidh;
- Comhairliúchán a dhéanamh maidir le hionsamhlúcháin a chuirtear i bhfeidhm in COSMO chun tionchar aistrithe rialtais chuig teaghlaigh ar bhoilsciú a mheas;
- Ionsamhlúcháin agus anailís a sholáthar ar an tionchar a bheidh ag méadú ar an gcaomhnaitheacht dhomhanda i ndiaidh thoghchán SAM ar gheilleagar na hÉireann.

3.10 IMIRCE, LÁNPHÁIRTÍOCHT AGUS DÉIMEAGRAFAÍOCHT

Dírítear sa taighde sa réimse seo ar imircigh a lánpháirtiú chomh maith le treochoaí agus beartas imirce. Rinne scrúdú i dtaighde sa bhliain 2024 ar dhearcthaí i leith inimirce agus grúpaí inimirceach, fostaíocht neamhrialta náisiúnach neamh-AE, agus cás iarratasóirí agus tairbhíthe cosanta agus daoine a tháinig ón Úcráin araon. Tá Pointe Teagmhála Náisiúnta na hÉireann de chuid Gréasán Imirce na hEorpa (EMN Éireann) lonnaithe san ESRI agus bunaíodh fo-aonad sa Roinn Dlí agus Cirt freisin i mí Iúil 2024. Tá EMN Éireann á mhaoiniú ag **an gCoimisiún Eorpach** agus **an Roinn Dlí agus Cirt**.

Buaicphointí agus torthaí taighde

I gcomhthéacs na ndíospóireachtaí atá ag méadú faoin inimirce in Éirinn, foilsíodh tuarascáil i mí an Mhárta ina ndéantar fiosrú ar dhearcthaí i leith na hinimirce. Deimhníodh, cé gur tháinig méadú mór ar shuntasacht (nó ar thábhacht) na hinimirce in Éirinn, go raibh tacaíocht an daonra don inimirce agus do dhéanaithe dearfach den chuid is mó, i gcomparáid le tíortha eile an AE agus le blianta roimhe sin in Éirinn araon. Tháinig laghdú áirithe ar an tacaíocht don inimirce i dtreo dheireadh 2023, agus tugadh éagsúlacht faoi deara ó thaobh dearcthaí i leith grúpaí inimirceach ar leith. Mhaoinigh **an Roinn Ileanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige** an tuarascáil faoin gclár taighde agus seoladh í ag imeacht i Márta.

Tugadh le fios i dtuarascáil a foilsíodh i mí na Nollag 2024 gurb iad an Lucht Siúil agus na Romaigh is mó a bhíonn thíos leis an gclaontacht i gcomparáid le haon ghrúpa eitneach eile in Éirinn. Ábhar suntais é nach raibh daoine a bhí ina gcónaí i gceantair shaibhre chomh compordach céanna Taistealaithe a bheith mar chomharsana acu nó a bheith i gcaidreamh lena leanbh ná iad siúd a bhí ina gcónaí i gceantair faoi mhíbhuntáiste. Bhí dearcthaí i leith an Lucht Siúil an-diúltach i réigiúin an Iarthair, an Iardheiscirt agus Lár na Tíre.

D'fhoilsigh EMN Éireann staidéar i mí an Mheithimh ar rochtain ar thithíocht neodrach ó thaobh fuinnimh do thairbhíthe cosanta idirnáisiúnta inar tugadh chun solais go raibh breis is 6,000 duine a raibh stádas acu fós i gcóiríocht d'iarratasóirí. I measc na mbacainní ar bhogadh amach bhí ganntanas mór i soláthar tithíochta sóisialta agus cíosa, easnaimh i dtacaíochtaí amhail an fostaíocht Cúnamh Tithíochta, srianta i measc oibrithe ar an líne thosaigh i seirbhísí poiblí, agus easpa comhordú idir gníomhaireachtaí nó ranna. Thug EMN Éireann ionadaithe beartais náisiúnta agus rialtais áitiúil le chéile ag a chomhdháil bhliantúil i mí an Mheithimh chun plé a dhéanamh ar

rochtain ar thithíocht roimh agus tar éis cinneadh stádais, agus cuireadh dea-chleachtais idirnáisiúnta ó thaighde EMN i láthair.

Deimhníodh i dtaighde ar chur i bhfeidhm na Treorach um Chosaint Shealadach ag EMN Ireland go raibh beagnach 75,000 tairbhí i gcóiríocht arna soláthar ag an stát faoi dheireadh 2023. Mar sin féin, luadh sa tuarascáil, a foilsíodh i mí Aibreáin, go raibh dúshlán roimh go leor daoine maidir le fostaíocht a fháil, go príomha mar gheall ar easpa scileanna teanga, agus rochtain a fháil ar thacaíochtaí amhail cúram sláinte agus ranganna teanga.

Aschur taighde eile

Rinneadh fiosrú den chéad uair in Éirinn i bpáipéar oibre a foilsíodh i mí Mheán Fómhair ar na tosca a chuireann dearchtaí inimirce ar leibhéal an phobail chun cinn. Dearbhaíodh nár thacaigh iad siúd a bhí ina gcónaí i gceantair faoi mhíbhuntáiste, go háirithe iad siúd ar tháinig méadú le déanaí ar líon na n-inimirceach iontu, an oiread céanna leis an inimirce. Bhí leibhéil níos airde de dheighilt chónaithe ann i measc inimirceach a bhain le dearchtaí níos diúltacha freisin. Chuir taighdeoirí an staidéar seo i láthair ag comhdháil bhliantúil an Lónra Idirnáisiúnta um Thaighde ar Imirce (IMISCOE) i Liospóin i mí Iúil.

D'fhoilsigh EMN Éireann tuarascáil i mí na Nollag ar náisiúnaigh neamh-AE i bhfostaíocht neamhrialta, inar léiríodh go mbíonn fostaíocht neamhrialta i gceist i réimse earnálacha, go háirithe i ngníomhaíochtaí seirbhíse bia, rud a d'fhéadfadh oibrithe a nochtadh do dhrochdhálaí agus do dhúshaothrú. Dearbhaíodh, mar sin féin, go raibh líon na gcigirí fostaíochta íseal, agus gan ach 63 ag feidhmiú go náisiúnta.

I dtionscnamh nua, sheol EMN Éireann sraith 'Meamraim Imirce EMN Éireann' – achoimrí gearra inrochtana ar fhaisnéis EMN ar leibhéal an AE agus ar thaighde an ESRI, atá deartha chun eolas cothrom le dáta a sholáthar maidir le beartas imirce agus tearmainn. Foilsíodh ceithre cinn in 2024 ina bpléitear ábhair cosúil le tithíocht d'iarratasóirí cosanta, athaontú teaghlaigh do dhídeanaithe, agus cúiseanna leis an méadú ar líon na n-iarratasóirí cosanta.

Comhaontaíodh clár taighde nua leis an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige i mí Iúil tar éis clár taighde sé bliana rathúil ar chomhtháthú. Áirítear leis an gclár seo, Taighde ar Imirce, Lánpháirtíocht agus Comhionannas (RIME), díriú níos leithne ar imirce, agus déanfar comh-mhaoinitheoir den Roinn Dlí agus Cirt ó Eanáir 2025. I measc na dtionscadal ar cuireadh tús leo in 2024 bhí Tuarascáil Mhonatóireachta ar Lánpháirtíocht 2024, agus tionscadal ina ndéantar fiosrú ar dhearchtaí i leith inimirce ag baint úsáide as turgnaimh iompraíochta.

3.11 IONCHUIMSIÚ SÓISIALTA AGUS COMHIONANNAS

Déantar iniúchadh i dtaighde a bhaineann le hionchuimsiú sóisialta agus comhionannas ar chúinsí a imríonn tionchar ar theacht a bheith ag daoine ar na hacmhainní ábhartha agus eile a theastaíonn chun páirt a ghlacadh i saol eacnamaíoch agus sóisialta agus ar na próisis a mbíonn neamhionannas deiseanna agus torthaí mar thoradh orthu do dhaoine fásta agus leanaí. Rinne taighdeoirí fiosrú in 2024 ar réimse leathan ábhar, bochtaineacht, eisiaimh sóisialta agus caighdeáin mhaireachtála, comhionannas inscne, leitheadúlacht an mhíchumais i measc leanaí, agus tionchar tithíochta easnamhaí ar fholláine leanaí ina measc.

Buaicphointí agus torthaí taighde

Rinneadh fiosrú i staidéar comhoibríoch leis an Aonad um Oileán Comhroinnte **ag Roinn an Taoisigh**, a foilsíodh i mí Aibreáin, imscrúdú ar ionchuimsiú ar bhonn inscne agus ar ionchuimsiú sóisialta ar fud oileán na hÉireann. Deimhníodh sa tuarascáil gur gné choiteann den dá shuíomh fós nádúr inscneach an chúraim agus a iarmhairtí maidir le rochtain ar fhostaíocht, go háirithe poist ardchaighdeán. Bhí rannpháirtíocht sa mhargadh saothair níos ísle i measc na mban ná na bhfear sa dá dhlínse, go háirithe i measc máithreacha aonair; bhí seans níos mó ann go n-oibreodh mná go páirtaimseartha agus i bpoist ísealphá ar fud an oileáin.

Fiosraíodh i dtuarascáil in Aibreán a mhaoinigh **Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas** an tionchar comhionannais a d'imir phaindéim COVID-19 ar an margadh saothair, agus rinneadh comparáid inti idir an cás roimh agus i ndiaidh na paindéime. Cé gur tháinig feabhas ar fhostaíocht i ndiaidh na paindéime do gach grúpa, bhí an patrún neamhionannais a bhí ann roimh an bpaindéim fós le tabhairt faoi deara. Áitítear sa staidéar gur dócha gur éascaíodh an téarnamh tapa mar gheall ar idirghabháil mhórsála stáit le linn na paindéime i dtéarmaí tacaíochtaí fostaíochta agus leas sóisialach.

Rinneadh i staidéar a foilsíodh i mí na Bealtaine, arna mhaoiniú ag **Clár Tacaíochta Taighde na Gníomhaireachta Tithíochta**, scrúdú ar thionchar drochthithíochta ar fholláine teaghlaigh. Agus sonraí á n-úsáid ón staidéar *Ag Fás Aníos in Éirinn* (GUI), fuarthas amach go dtuairiscíonn máithreacha i dtithíocht neamhleor agus i gcomharsanachtaí níos boichte níos mó dúlagair, strus níos airde tuismitheoireachta, agus coimhlint níos mó lena leanaí. Bíonn níos mó deacrachtaí sóisialta agus mothúcháinacha ag a bpáistí ag naoi mbliana d'aois freisin.

Scrúdaíodh i staidéar a rinne an ESRI agus **an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (DCEDIY)** i nDeireadh Fómhair treochtaí teaghlaigh, leochaileacht eacnamaíoch agus fostaíocht i measc teaghlaigh aontuismitheora, agus sonraí á n-úsáid ó Chohórt 08 *Ag Fás Aníos in Éirinn*. Deimhníodh go raibh teaghlaigh aontuismitheora thíos le leochaileacht eacnamaíoch níos mó i gcomparáid le teaghlaigh le beirt tuismitheoirí, agus go raibh breis agus dhá oiread an bhaoil ann nuair a bhogtar ó theaghlach le beirt tuismitheoirí go teaghlach aontuismitheora. I measc na nithe a chuidíonn le tuismitheoirí aonair leochaileacht eacnamaíoch a shárú tá fostaíocht, páirtí a fháil athuir agus ardoideachas.

Aschur taighde eile

Ghlac an tOllamh Selina McCoy páirt i mBealtaine 2024 i ndíospóireacht phainéil ag **Ollscoil na Gaillimhe** inar díríodh ar thacú le beartas poiblí éifeachtach in Éirinn agus é a chothú, chomh maith leis na bealaí is fearr chun sonraí a úsáid agus taighde a dhéanamh ar fhianaise le haghaidh príomhcinntí beartais i rith na saolré.

Foilsíodh an dara tuarascáil bhliantúil i mí Iúil ar Chairt na mBan san Airgeadas, arna maoiniú ag **Cónaidhm Bhaincéireachta agus Íocaíochtaí Éireann, Seirbhísí Airgeadais Éireann/Ibec, Árachas Éireann**, agus **Cistí Éireannacha**, agus cuireadh i láthair í ag ócáid i gCaisleán Bhaile Átha Cliath. Is tionscnamh í an chairt a bhfuil sé mar aidhm aici feabhas a chur ar ionadaíocht na mban i ngnólachtaí seirbhísí airgeadais atá ag feidhmiú in Éirinn.

Chuir taighdeoirí obair ar inscne agus ar chuimsiú sa mhargadh saothair ar oileán na hÉireann i láthair i mí Dheireadh Fómhair 2024, arna maoiniú ag **an Aonad um Oileán Comhroinnte i Roinn an Taoisigh**, ag cruinniú neamhfhoirmiúil comhpháirteach de Choiste Geilleagair Thionól Thuaisceart Éireann agus Coiste an Oireachtais um Chosaint Shóisialta, Forbairt Pobail agus Tuaithe agus na hOileáin i dTithe na Parlaiminte, Stormont.

Leanadh le hobair freisin ar chlár taighde do **Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas**. Tá tionscadal amháin dírithe ar mheastacháin ar bhochtaineacht a choigeartú i gcomhair chostas an mhíchumais; déantar sa dara ceann imscrúdú ar an líon daoine a ghlacann le saoire a bhaineann le leanaí in Éirinn. Tá an dá thuarascáil le foilsiú go luath in 2025.

Cuireadh tús i mí Feabhra 2024 le clár taighde athnuaite ar Bhochtaineacht, Neamhionannas agus Caighdeán Mhaireachtála i gcomhar leis an Dr Barra Roantree ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, le maoiniú arna sholáthar ag **Fondúireacht Pobail Éireann**.

3.12 CÁIN, LEAS AGUS PINSIN

Déantar scrúdú sa réimse taighde seo ar dhearadh an chórais cánach, leasa agus pinsean. Leagtar béim ar thionchar an chórais ar athdháileadh, bochtaineacht, neamhionannas agus dreasachtaí chun oibre. Úsáidtear SWITCH, samhail an ESRI le haghaidh cánach agus leasa, i gcuid mhór den obair seo chun tionchar na leasuithe ar theaghlaigh a ionsamhlú. Tá go leor den aschur a luaitear thíos mar pháirt den chlár oibre Cáin, Leas agus Pinsin. Faigheann an clár maoiniú ón Roinn Coimirce Sóisialaí, ón **Roinn Sláinte**, ón **Roinn Leanaí**, **Comhionannais**, **Míchumais**, **Lánpháirtíochta agus Óige**, agus ón Roinn **Airgeadais**, chomh maith leis an deontas igcabhair atá á chur ar fáil ag an **Roinn Caiteachais Phoiblí**, **Sheachadadh PFN** agus **Athchóirithe**.

Buaicphointí agus torthaí taighde

- Is dócha go mbeidh gá le tuilleadh athchóiriú ar an Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasa (ÁSPC) tar éis 2028 chun dul i ngleic leis an mbille pinsin stáit atá ag dul i méid.
- Leis an gCur Chuige um Ranníocaíochtaí Iomlána (TCA) nua i ríomhanna pinsin, beidh níos mó ban incháilithe don uasráta.
- Mar thoradh ar na bearta a fógraíodh mar chuid de Bhuiséad 2025, beidh gnóthachain bheaga ioncaim ann, ar an meán, an bhliain seo chugainn, i gcomparáid le buiséad a mheastar a dhéanfaidh fás ioncaim a thuar.

Bhí comhdháil bhliantúil na bPeirspictíochtaí Buiséid ar siúl i mí an Mheithimh, atá á heagrú ag an bhfoireann TWP le beagnach tríocha bliain. Seoladh tuarascáil ag an ócáid ar bhuaiteoirí agus ar chaillteoirí an aistrithe chuig Cur Chuige Ranníocaíochtaí Iomlána i gcóras pinsin na hÉireann. Baineadh an tátal as sa tuarascáil go mbeadh méadú mór ar chion na mban a cháilíonn don uasráta pinsin mar thoradh air seo ach go mbeadh cion réasúnta beag d'fhir agus de mhná níos measa as dá bharr.

Rinneadh scrúdú i ndara tuarascáil a seoladh ag comhdháil na bPeirspictíochtaí Buiséid ar an minicíocht agus ar an éifeachtacht a bhainfeadh le ÁSPC a mhéadú chun an pinsean stáit a mhaoiniú. Deimhníodh sa tuarascáil seo go n-eascróidh gnóthachain ioncaim €1.6bn sa bhliain faoi 2028 as na leasuithe atá beartaithe ag an Rialtas. Tá na hathchóirithe forásach, agus bíonn tionchar níos mó acu

ar theaghlaigh ardioncaim ná ar theaghlaigh ísealioncaim. Mar sin féin, is dócha go mbeidh gá le tuilleadh athchóiriú ar ÁSPC tar éis 2028 chun dul i ngleic leis an mbille pinsin stáit atá ag ardú.

Reáchtáil an fhoireann a gcrúinniú faisnéise bliantúil iar-Bhuiséid i mí Dheireadh Fómhair. Taispeánadh san obair seo go mbeidh mar thoradh ar na bearta a fógraíodh mar chuid de Bhuiséad 2025 gnóthachain bheaga ioncaim, ar an meán, an bhliain seo chugainn, i gcomparáid le buiséad a mheastar a dhéanfaidh fás ioncaim a thuar. Mar sin féin, tugadh éagsúlacht faoi deara de réir leibhéal ioncaim teaghlaigh, agus bhí gnóthachain níos lú ann i gcás teaghlaigh mheánioncaim. Foilsíodh an obair sin ar bhealach níos mionsonraithe i mí na Nollag mar alt speisialta in *Quarterly Economic Commentary* an ESRI.

D'fhoilsigh an fhoireann réimse alt i rith na bliana in irisí piarmheasúnaithe freisin. Bhain siad seo le héifeacht na sochar dífhostaíochta ar sholáthar saothair agus ar dháileadh ioncaim, glacadh le sochar san obair in Éirinn, difríochtaí inscne i gcaiteachas teaghlaigh, agus sochair dífhostaíochta d'oibrithe neamhghnácha. Clúdaíodh i dtaighde eile a foilsíodh i rith na bliana na hábhair a bhaineann le scálaí coibhéise i dtomhas bochtaineachta, gné inscne na géarchéime costais maireachtála, agus na nithe a chuireann neamhionannas ioncaim chun cinn in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann.

Lean obair na foirne TWP lena díriú láidir ar bheartas. Leanadh de bheith ag úsáid shamhail SWITCH i réimse ranna rialtais chun cur le cinntí beartais. Thug baill den fhoireann fianaise don Choiste um Fhormhaoirsiú Buiséid agus rinne siad cur i láthair ag imeachtaí tábhachtacha idirnáisiúnta a bhain le beartas amhail Imeacht Comhfhoghlama an Choimisiúin Eorpaigh maidir le hAnailís Tionchair Dáileacháin, agus Comhdháil an Bhainc Dhomhanda ar Phinsin agus Árachas Sóisialta. Ar deireadh, i mí na Bealtaine, fógraíodh gur bhuaigh foilseachán le baill foirne san *Economic and Social Review*, 'Childcare in Ireland: usage, affordability and adventures to work', Duais Brendan Walsh.

4. COMHORDAITHEOIRÍ AR RÉIMSÍ TAIGHDE AMHAIL AN 31 NOLLAIG 2024

Réimse Taighde	Comhordaitheoir
Eolaíocht Iompraíochta:	An tOllamh Pete Lunn
An Aeráid:	An tOllamh Kelly de Bruin
Iomaíochas, Trádáil agus IDC:	An tOllamh Iulia Siedschlag
Oideachas:	An tOllamh Selina McCoy agus an tOllamh Emer Smyth
Fuinneamh agus an Comhshaol:	An Dr Niall Farrell, an Dr Muireann Lynch agus an tOllamh Anne Nolan
Sláinte agus Caighdeán na Beatha:	An Dr Sheelah Connolly agus an tOllamh Anne Nolan
Tithíocht:	An tOllamh Conor O'Toole
Margadh an tSaothair agus Scileanna:	An tOllamh Seamus McGuinness
Maicreacnamaíocht:	An tOllamh Adele Bergin, an tOllamh Martina Lawless agus an tOllamh Kieran McQuinn
Imirce, Lánpháirtíocht agus Déimeagrafaíocht:	An tOllamh Frances McGinnity agus an Dr Emma Quinn
Ionchuimsiú Sóisialta agus Comhionannas:	An tOllamh Frances McGinnity agus Bertrand Maître
Cánachas, Leas agus Pinsin:	An tOllamh Karina Doorley agus an tOllamh Claire Keane

5. BAILL FOIRNE AN 31 NOLLAIG 2024

STIÚRTHÓIREACTH		
Alan Barrett (Stiúrthóir)		
ANAILÍS EACNAMAÍOCH	TAIGHDE SÓISIALTA	ACMHAINNÍ CORPARÁIDEACHA
Simachew Alemu	Maryam Afzal	Eleanor Bannerton (Bainisteoir Oibríochtaí agus Straitéise)
Marta Alvaro	Anousheh Alamir	Samuel Baugh
Miguel Tovar Reaños	Aoife Brick	Claire Buckley (Bainisteoir Acmhainní Daonna)
Conor Banahan	Evan Carron-Kee	Sarah Burns
Adele Bergin	Sheelah Connolly	Bernice Clancy
Luke Brosnan	Ciára Dalton	Liz Coyle
Philip Carthy	Merike Darmody	Louise Creagh
Daniel Cassidy	Caoimhe Dempsey	Lliana D’Emidio
John Curtis (Ceann Rannóige)	Karina Doorley	Jennifer Downey
Kelly de Bruin	Shane Dunne	Julianne Flynn
Çağaçan Değer	Celine Fox	David Gorman (Bainisteoir Gníomhach TF)
Seraphim Dempsey	Michele Gubello	Adrienne Jinks
Kate Devane	Ada Sophia Hahn	Ross Kelleher
Anne Devlin	Theano Kakoulidou	Francis McEvoy
Luke Doyle	Claire Keane	Josh Nevin
Juan Duran Vanegas	Aislin Lavin	Clare O’Neill (Bainisteoir TF)
Paul Egan	Maria Lee	Charles O'Regan (Ceann Airgeadais)
Andrés Estévez	Pete Lunn	Fiona O’Sullivan
Kirsten Everett	Bertrand Maître	Fiona Owens
Niall Farrell	Lucie Martin	Fionnuala Quinn
Elish Kelly	Selina McCoy	Stephen Sammon
Lorcan Kelly	Frances McGinnity	LeAnnie Wilson
Janez Kren	Ellen McHugh	
Akhilesh Kumar Verma	Keire Murphy	
Clement Kweku Kyei	Anne Nolan	
Martina Lawless	Diarmaid Ó Ceallaigh	
Muireann Lynch	Richard O’Shea	
Samuel McArdle	Dervla Potter	

Seamus McGuinness	Emma Quinn	
Kieran McQuinn	Deirdre Robertson	
Gretta Mohan	Helen Russell	
Rafael Nunes	Simona Sándorová	
Donal O'Shea	Adam Joachim Shier	
Conor O'Toole	Agathe Simon	
Paul Redmond	Eva Slevin	
Iulia Siedschlag	Emer Smyth	
Rachel Slaymaker	Shane Timmons	
Elisa Staffa	Dora Tuda	
Chi Tran	Michael Vallely	
Shiwani Varal	Brendan Walsh	
Anita Vollmer	Iris Wohnsiedler	
Brendan Wade		
Adele Whelan		
Aykut Mert Yakut		

6. COMHAIRLE AN ESRI – EOLAS BEATHAISÍNEACH

Seán Ó Drisceoil, Uachtarán agus Cathaoirleach, an ESRI

Ceapadh an tUas. Sean O'Driscoll ina Uachtarán agus ina Chathaoirleach ar an ESRI an 27 Bealtaine 2020. Rinneadh ball de Chomhairle an ESRI de i mí Feabhra in 2017. Is Cathaoirleach é ar Údarás Ceannais Cholaíste na hOllscoile, Corcaigh, iar-Chathaoirleach agus iar-Phríomhfheidhmeannach ar Ghrúpa Glen Dimplex é, iar-Chomhpháirtí in KPMG, agus comhalta den Choimisiún Tríthaobhach agus den Tascfhórsa Náisiúnta um Luathú Bonnegair. Iar-Stiúrthóir é ar Bhainc-Aontas Éireann, ar an gComhairle Náisiúnta Iomaíochais in Éirinn agus ar ghrúpaí comhairleacha eile a cheap an rialtas. Bronnadh OBE agus gradam Légion d'Honneur ar an Uasal O'Driscoll.

Alan Barrett, Stiúrthóir, an ESRI

Thosaigh an tOllamh Alan Barrett ag obair san ESRI sa bhliain 1994. Ceapadh é mar Stiúrthóir ar an Institiúid in Iúil 2015, agus chuaigh sé isteach sa Chomhairle ansin. Agus é ag obair leis an Institiúid, tugadh ar iasacht é don Roinn Airgeadais (2001-2003) agus do Staidéar Fadaimseartha na hÉireann ar Aosú (TILDA) i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath (2011-2013). Bhí sé ina chomhalta de Chomhairle Chomhairleach Fhioscach na hÉireann ó 2011 go 2015. Tá sé ina chomhalta d'Acadamh Ríoga na hÉireann, Comhalta Taighde é in IZA (an Institiúid um Eacnamaíocht Oibre) in Bonn, sa Ghearmáin, agus Comhalta Oinigh de Chumann na nAchtúirí in Éirinn is ea é. Tá sé ina chomhalta (ex officio) den Chomhairle Chomhairleach um Athrú Aeráide fosta.

Shay Cody, iar-Ard-Rúnaí, Fórsa

Chuaigh an tUasal Shay Cody isteach i gComhairle an ESRI i mí Feabhra 2023. Bhí sé ina Ard-Rúnaí ar Fhórsa, an dara Ceardchumann is mó in Éirinn. D'fhóin sé ar Choiste Feidhmiúcháin Fheidhmeannas Chomhdháil na gCeardchumann agus ar a Coiste Cuspóirí Ginearálta. Mar Chathaoirleach ar Choiste Seirbhísí Poiblí Chomhdháil na gCeardchumann, bhí sé ina phríomh-idirbheartaí i roinnt babhtaí de chainteanna faoin tseirbhís phoiblí. D'fhóin sé mar chomhalta den Chomhairle Náisiúnta Eacnamaíoch agus Shóisialach agus den Chomhairle Náisiúnta Iomaíochais, agus bhí sé ina chomhalta ar Bhord an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre. Tá sé ina chomhalta de Choimisiún an Bhainc Ceannais faoi láthair.

Katy Hayward, Ollamh le Socheolaíocht Pholaitiúil, Ollscoil na Banríona, Béal Feirste

Thosaigh an tOllamh Katy Hayward ag obair le Comhairle an ESRI i Meán Fómhair 2021. Tá Ollúnacht aici i Scoil na nEolaíochtaí Sóisialta, an Oideachais agus na hOibre Sóisialta in Ollscoil na Banríona, Béal Feirste, áit a bhfuil sí ina Comhalta in Institiúid an tSeanadóir George J. Mitchell agus ina Comh-Stiúrthóir ar an Lárionad um Thaighde ar Theorainneacha Idirnáisiúnta. Is comhalta í Katy d'Acadamh Ríoga na hÉireann agus tá sí ina Comhalta d'Acadamh na nEolaíochtaí Sóisialta.

Thia Hennessy, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh

Tháinig an tOllamh Thia Hennessy isteach ar Chomhairle an ESRI i mí Feabhra 2023. Tá sí ina Ceann Scoile, ina Ceann ar an Roinn Gnó agus Forbartha Bia, agus ina Cathaoirleach ar Eacnamaíocht Agraibhia i Scoil Ghnó Ollscoil Chorcaí. Is comhalta boird í freisin ar Fhoras Bainistíochta na hÉireann agus Teagasc. I measc na n-ábhar spéise sa taighde atá aici tá forbairt inbhuanaithe na hearnála agraibhia agus tá spéis ar leith aici i dtionchar an bheartais phoiblí ar an earnáil feirme. Sula

ndeachaigh sí le UCC i Meán Fómhair 2016, bhí sí fostaithe ag Teagasc, áit ar bhainistigh sí an clár taighde eacnamaíoch talmhaíochta agus comhshaoil.

Brigid Laffan, Ollamh Emeritus, Institiúid Ollscoile na hEorpa

Tháinig an tOllamh Brigid Laffan isteach ar Chomhairle an ESRI i mí Feabhra 2023. Is Ollamh Emeritus í san Institiúid Ollscoile Eorpach. Bhí sí ina Stiúrthóir agus ina hOllamh ar Ionad Ard-Léinn Robert Schuman agus ina Stiúrthóir ar an gClár Rialachais Dhomhanda agus ar an gClár um Rialachas agus Polaitíocht Eorpach ag an Institiúid Ollscoile Eorpach (EUI), Flórans go dtí go ndeachaigh sí ar scor i mí Lúnasa 2021. Roimhe sin, bhí sí ina hOllamh le Polaitíocht na hEorpa i Scoil na Polaitíochta agus Gnóthaí Idirnáisiúnta (SPIRe), sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath (UCD), ina Leas-Uachtarán ar UCD agus ina Príomhoide ar Choláiste na nEolaíochtaí Daonna ó 2004 go 2011.

Sandra McNally, Ollamh le hEacnamaíocht, Ollscoil Surrey

Tháinig an tOllamh Sandra McNally isteach ar Chomhairle an ESRI i Meán Fómhair 2021. Is Ollamh le hEacnamaíocht í in Ollscoil Surrey agus tá sí ina Stiúrthóir ar an Lárionad um Thaighde Gairmoideachais i Scoil na hEacnamaíochta, Londain.

Gabriel Makhoul, Gobharnóir, Banc Ceannais na hÉireann

Tháinig Gabriel Makhoul isteach ar Chomhairle an ESRI i mBealtaine 2020. Tá sé mar Ghobharnóir ar Bhanc Ceannais na hÉireann, ina chathaoirleach ar Choimisiún an Bhainc Ceannais, ina chomhalta de Chomhairle Rialaithe an Bhainc Ceannais Eorpaigh agus den Bhord Eorpach um Riosca Sistéamach, agus is é Gobharnóir Ionaid na hÉireann é ar an gCiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta. Sula ndeachaigh sé isteach i mBanc Ceannais na hÉireann, bhí sé ina Rúnaí ag Stáitchiste na Nua-Shéalainne agus ina Phríomhchomhairleoir Eacnamaíochta agus Airgeadais don rialtas. Chomh maith leis sin, ba é Gobharnóir Ionaid na Nua-Shéalainne é sa Bhanc Domhanda, i mBanc na hÁise don Infheistiú sa Bhonneagar, i mBanc Forbartha na hÁise agus sa Bhanc Eorpach Athfhoirgníochta agus Forbartha. Bhí sé ina -chomhchathaoirleach ar Chomhairle Baincéireachta Tras-Tasman chomh maith. Roimhe sin, bhí sé ag obair sa státseirbhís sa Ríocht Aontaithe, áit a raibh róil éagsúla aige a bhain le beartas ar cheisteanna cánach intíre agus idirnáisiúnta agus seachadadh oibríochtaí mórsála. Tá seal caite aige mar chathaoirleach ar Choiste an OECD um Ghnóthaí Fioscacha agus is é a bhíodh freagrach as Seirbhís Baincéireachta Rialtas na Ríochta Aontaithe.

David Moloney, Ard-Rúnaí, an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe

Tháinig David Moloney isteach ar Chomhairle an ESRI i mí na Samhna in 2010. Is é Ard-Rúnaí na Roinne Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe é. Roimhe sin, bhí sé ina Cheannasaí ar an Rannóg um Margadh an tSaothair agus Fiontraíocht sa Roinn agus é freagrach as réimsí éagsúla caiteachais, lena n-áirítear Coimirce Shóisialta, Tithíocht, Fiontraíocht agus Talmhaíocht, agus as Seirbhís Eacnamaíoch agus Meastóireachta Rialtas na hÉireann. Le linn a ghairmréime sa Státseirbhís, d'fhóin David i Roinn an Taoisigh, sa Roinn Airgeadais agus sa Roinn Sláinte chomh maith.

Ciarán Ó hÓgartaigh, Uachtarán, Ollscoil na Gaillimhe

Tháinig an tOllamh Ciarán Ó hÓgartaigh isteach ar Chomhairle an ESRI i Meán Fómhair 2021. Bhí sé ina 13ú Uachtarán ar Ollscoil na Gaillimhe ó 2018 go 2024. Roimhe sin, bhí sé ina Ollamh le

Cuntasaíocht agus ba é Déan an Ghnó é sa Choláiste Ollscoile, BÁC. Is comhalta boird é a bhfuil taithí aige san earnáil phríobháideach agus phoiblí araon. Cuntasóir Cairte é, tar éis dó oiliúint a fháil le Arthur Andersen agus PhD sa Chuntasaíocht ó Ollscoil Leeds, agus tá sé ina chathaoirleach ar Choiste Iniúchóireachta agus Riosca na hInstitiúide. Bhí sé ina chathaoirleach roimhe seo ar an gCoiste Iniúchóireachta ag, mar shampla, an Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádurtha agus ag Avolon, ceann de na cuideachtaí léasaithe aerárthaí is mó ar domhan.

Anne O'Leary, Ceann Meta Ireland, Leas-Uachtarán an Ghrúpa Dhomhanda Gnó, EMEA

Tháinig Anne O'Leary isteach ar Chomhairle an ESRI in 2022. Is í Ceannasaí Meta Ireland í faoi láthair agus Leas-Uachtarán ar EMEA í chomh maith, sin Grúpa Domhanda Gnó Meta. Roimhe sin bhí sí ina POF ar Vodafone Ireland agus ina hUachtarán ar Chomhlachas Tráchtála Bhaile Átha Cliath. Tá sí ar bhoird Meta Platforms Ireland, Ltd, WhatsApp Ireland, IBEC agus Greencore. Bhí sí ina Cathaoirleach ar GOAL Global tráth.

Anne Vaughan, iar-Leas-Ard-Rúnaí na Roinne Coimirce Sóisialaí agus Cathaoirleach reatha an Bhoird Náisiúnta Staidrimh

Chuaigh Anne Vaughan isteach i gComhairle an ESRI i Meán Fómhair 2024. Is stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin í ar roinnt comhlachtaí carthanachta agus is comhalta í de Choiste Iniúchóireachta an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (C&AG) agus is comhalta boird í de Thaighde Éireann. Is iar-Leas-Rúnaí í sa Roinn Coimirce Sóisialaí agus iar-Chathaoirleach ar an mBord Náisiúnta Staidrimh. Bhí sí ina comhalta den Choimisiún um Chánachas agus Leas (2022) agus den Choimisiún um Pinsin (2021). D'oibrigh sí sa Roinn Airgeadais agus i Roinn an Taoisigh freisin le linn a gairme sa státseirbhís.

7. PÁTRÚIN WHITAKER AGUS COMHALTAÍ CORPARÁIDEACHA

Leagtar béim i Straitéis 2024-2028 na hInstitiúide ar ról an chláir Pátrúnachta/Comhaltais i dtaca le hinbhuanaitheacht airgeadais fhadtéarmach na hInstitiúide a chothú. In 2024, thacaigh síntiúis chomhaltais agus phátrúnachta go díreach le taighde ardchaighdeán ar shaincheisteanna tábhachtacha d'Éirinn a sholáthar. Tionóladh sraith cruinnithe céadphroinne le ceannairí móra tionscail agus rialtais, rud a léiríonn an meas mór atá ar an Institiúid i measc shochaí na hÉireann.

Pátrúin Whitaker agus Comhaltaí Corparáideacha an ESRI amhail an 31 Nollaig 2024
Davy
EirGrid
ESB
Google

Comhaltaí Corparáideacha an ESRI
AbbVie
ABP Foods
Aer Lingus
Bainc-Aontas Éireann
An Garda Síochána
An Post
Avolon
Banc na hÉireann
Bord Bia
Bord Gáis Energy
Bus Éireann
An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí
Banc Ceannais na hÉireann
Coimisiún na Meán
Comhairle Cathrach Chorcaí
Comhairle Contae Chorcaí
DCC plc
Deloitte
An Roinn Talmhaíochta
An Roinn Cosanta
An Roinn Oideachais
An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta
An Roinn Gnóthaí Eachtracha
An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachas, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta
An Roinn Iompair
Bus Átha Cliath
Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath

Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin
Fiontraíocht Éireann
EY
Fáilte Éireann
FBD
Greencoat Capital
An tÚdarás um Ard-Oideachas (HEA)
HubSpot
Ibec
Icon
An Ghníomhaireacht Forbartha Tionscail
Irish Institutional Property (IIP)
Institiúid na mBaincéirí
Intertradelreland
Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann
Irish Life
Iarnród Éireann
Jacobs
Johnson & Johnson Innovative Medicine
Comhairle Contae Chiarraí
Kerry Group
KPMG
An Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil
Comhairle Contae Luimnigh
Comhairle Contae Lú
Malin plc
Mason Hayes & Curran
Ospidéal an Mater Misericordiae
Matheson
Comhairle Contae na Mí
Mercury
Musgrave Group
Norbrook
An tÚdarás Náisiúnta Iompair (NTA)
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta
OHM Group
PTSB
PwC
Rexel
Ryanair
An Ceardchumann Seirbhísí, Tionsclaíoch, Gairmiúil agus Teicniúil (SIPTU)
Sisk
Tesco
Tirlán
Uisce Éireann
Workday



**Economic & Social Research
Institute**

**Whitaker Square
Sir John Rogerson's Quay
Dublin 2**

**Telephone: +353 1 863 2000
Email: admin@esri.ie
Web: www.esri.ie**

**An Institiúid um Thaighde
Eacnamaíochta agus Sóisialta**

**Cearnóg Whitaker
Cé Sir John Rogerson
Baile Átha Cliath 2**

**Teileafón: +353 1 863 2000
Ríomhphost: admin@esri.ie
Suíomh Gréasáin: www.esri.ie**

